CUID 3

POLASAÍ & FEIDHMIÚ

CURTHA I GCLÓ AR PHÁIPÉAR ATHCHÚRSÁILTE

13. ATHRUITHE POLASAÍ AGUS REACHTÚLA

13.1 RÉAMHRÁ

Is tiomantóirí lárnacha iad polasaí agus reachtaíocht chun go leor cleachtais thraidisiúnta bhainistiú dramhaíola a athrú, de réir mar atá cur chuige níos inbhuanaithe á lorg do bhainistiú dramhaíola a tháirgeann an tsochaí. Tá an bhéim ar dearcadh agus iompar a athrú, ionas go mbreathnaítear ar dhramhaíl mar acmhainn a chaithfear a bhainistiú dá réir agus ar leibhéal ard de chosaint comhshaoil a sholáthar.

Bhí tionchar an-mhór ag na Pleananna Bhainistiú Dramhaíola ar glacadh leo roimhe seo ar fud na hÉireann ar an gcur chuige a glacadh maidir le bainistiú dramhaíola ar fud na tíre le cúig bliana anuas. Measann an chaibidil seo na treochtaí reatha i mbainistiú dramhaíola agus an tslí a mbeidh tionchar ag polasaithe agus reachtaíocht amach anseo ar Chontae Dhún na nGall.

13.2 TIONSCNAIMH BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA AG LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

13.2.1 An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (NWPP)

Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola in Aibreán 2004 agus tá sé le feidhmiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is clár ceithre bliana atá ann agus é mar aidhm leis torthaí suntasacha maidir le cosc agus íoslaghdú dramhaíola a thabhairt i gcrích agus mar chuid de beidh réimse tionscnamh maidir le feasacht a ardú, cúnamh teicniúil agus airgeadais, sásraí oiliúna agus dreasachtaí.

Faoi láthair is í an ghné is tráthúla den NWPP do Chomhairle Chontae Dhún na nGall ná forbairt an Chláir Léiriú Coisc Údaráis Áitiúil (LAPD). Tugann an clár seo, a seoladh i Márta 2005, deis d'Údaráis Áitiúla iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do thionscadail/do chláir coisc ina bhfuil bearta praiticiúla chun dramhaíl a chosc. Tá an clár seo á mhaoiniú ón gCiste Comhshaoil agus cabhróidh sé le húdaráis áitiúla cosc san earnáil phoiblí, i measc líonta tí, i ngnólachtaí, sa tionscal, i gclubanna, i scoileanna, sa bhuanaíocht oideachais tríú leibhéal agus san earnáil chúram sláinte a bhaint amach.

13.2.2 An Feachtas *An Rás in aghaidh na Dramhaíola*

Is é An Rás in Aghaidh na Dramhaíola feachtas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) chun eolas ar shaincheisteanna dramhaíola a mhéadú agus chun iompar na ndaoine sa bhaile agus ag an obair a athrú chun an méid dramhaíola a bhíonn á chruthú a laghdú agus chun athchúrsáil agus múiríniú a mhéadú.

An Feachtas *An Rás in aghaidh na Dramhaíola*

- Oibríonn sé go dlúth le hOifigigh Feasachta Comhshaoil i ngach ceann de na húdaráis áitiúla, a oibríonn go háitiúil le cinn tí, scoileanna, gnólachtaí agus grúpaí pobail
- Tugann comhairle agus faisnéis go díreach don phobal trí líne eolais teileafóin ló-ghlao agus ríomhphost, iad araon á n-oibriú ag Eolaithe Comhshaoil
- Spreagann sé pobail chun a ndramhaíl a íoslaghdú, a athchúrsáil agus a mhúiríniú trí mhodúl an Rás in Aghaidh na Dramhaíola i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara
- Ritheann clár gnímh do ghnólachtaí, lena n-áirítear seimineáir ar fud na tíre, i gcomhpháirtíocht le Cumainn Lucht Tráchtála na hÉireann
- Cuireann an pobal ar an eolas trí fheachtas caidreamh poiblí leanúnach sna nuachtáin agus sna meáin náisiúnta agus áitiúla
- Ardaíonn feasacht trí fheachtas fógraíochta forleathan ar an Teilifís, ar raidió, sna nuachtáin agus faoin aer.

I 2005, déanfar cláir nua gníomhaíochta don earnáil phoiblí, don óige agus don spórt a sheoladh.

13.2.3 Muirir a Bhaineann le hÚsáid ar Dhramhaíl Tí "Íoc de réir Úsáide"

Ceann de na téamaí coitianta a bhí sna haighneachtaí ón bpobal, le linn do chéad Phleananna Réigiúnacha Bhainistiú Dramhaíola a bheith dá n-ullmhú, ab ea an riachtanas a bhí ann nasc a dhéanamh idir muirir dhramhaíola agus an méid dramhaíola a bhí á chruthú. Is ionann sin agus bealach loighciúil leis an 'prionsabal go n-íocann an truaillitheoir' a fheidhmiú, agus is féidir dreasacht fhíor a thabhairt do tháirgeoirí dramhaíola chun dramhaíl a laghdú. Bhí muirir a bhaineann le húsáid a thabhairt isteach mar pholasaí sna Pleananna.

I 2004, d'éiligh an tAire Comhshaoil, an tUasal Martin Cullen, ar údaráis áitiúla muirir a bhaineann le Íoc de Réir Úsáide (PBU) ar dhramhaíl tí a fheidhmiú ina gceantair faoin 1ú Eanáir 2005. Leathnaíodh an polasaí tuilleadh i Ráiteas Polasaí Rialtais 2004 '*Taking Stock and Moving Forward'.*

Is féidir muirir PBU a fheidhmiú trí theaglaim de thobhach a chur ar mhinicíocht an bhailiúcháin, ar an méid dramhaíola a bhailítear nó ar mheáchan na dramhaíola.

Is iad na tionchair dhearfacha atá le muirir a bhaineann le húsáid ar dhramhaíl tí ná:

- Tugann sé ugach do dhaoine laghdú ar dhramhaíl trína nósanna siopadóireachta agus a mbealaí saoil a athrú
- Bíonn údar ag teaghlaigh an oiread athchúrsála agus is féidir leo a dheánamh ar dhramhaíl

- Bíonn níos mó tábhachta leis an ngá atá le raon 'lánpháirtithe' iomlán de bhailiúcháin athchúrsála
- Méadaíonn sé feasacht comhshaoil, athrú iompair i measc líonta tí

Ní mór d'údaráis áitiúla agus do chuideachtaí bailiúcháin dramhaíola freagairt don chóras nua seo trí thacaíocht agus eolas a sholáthar chuig teaghlaigh ar an mbealach is fearr chun laghdú ar dhramhaíl agus athchúrsáil a dhéanamh uirthi. Mar thoradh air sin beidh níos mó éilimh ar Oifigigh Feasachta Comhshaoil.

D'fhéadfadh tionchair dhiúltacha a bheith i gceist muirear PBU a thabhairt isteach. D'fhéadfadh fonn a bheith ar theaghlaigh laghdú ar bhillí dramhaíola trí úsáid mhí-oiriúnach a bhaint as boscaí bruscair athchúrsála, dramhaíl a chranadh i ngairdíní nó go ndéanfaí dumpáil mhídhleathach nó go lasfaí dramhaíl. Tá ról ag an údarás áitiúil a chinntiú go ndéanfar bainistiú freagrach ar dhramhaíl. Sa ghearrtéarma beidh acmhainní breise de dhíth chun dramhaíl a rialú agus a fhorfheidhmiú. Tá eolas soiléir de dhíth ar theaghlaigh maidir leis an gcineál bainistithe dramhaíola atá inghlactha agus maidir leis an gcineál bainistithe dramhaíola nach bhfuil inghlactha. Sa deireadh thiar is faoin bpobal atá sé a chinntiú go bhfuil bainistiú freagrach á dhéanamh ar dhramhaíl tí.

D'fhéadfadh go n-athródh sásraí muirir agus córais bhailiúcháin sna blianta atá romhainn de réir mar a bhunófar na córais is tairbhí ar fud na tíre.

13.3 TIONSCNAIMH UM FHREAGRACHT AN TÁIRGEORA

I ndiaidh ráiteas polasaí Rialtais '*Delivering Change'* a foilsíodh i 2002 cuireadh tús le 'tionscnaimh um fhreagracht an táirgeora' a fheidhmiú i roinnt earnálacha agus cuireann an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun cinn iad. Ciallaíonn an coincheap freagracht an táirgeora, nach mór do thionscail a tháirgeann earraí agus ábhair freagracht a ghlacadh as an tionchar comhshaoil a bhaineann leis na hearraí sin a chur ar an margadh. Tá an coincheap mar chuid lárnach de pholasaí comhshaoil an AE. Tá roinnt de na scéimeanna reatha agus na scéimeanna beartaithe liostaithe thíos.

13.3.1 Pacáistiú

Tá an scéim faoi lán seoil ó 1997, le taca reachtaíochta faoi. Soláthraíonn 'comhlacht ceadaithe' amháin (REPAK) a dhéanann ionadaíocht ar thionscail fóirdheontais chun cuidiú le dramhaíl phacáistithe a athchúrsáil chun oibleagáidí faoi Threoir ón AE ar Dhramhaíl Phacáistithe a chomhlíonadh. Tá reachtaíocht na hÉireann á tabhairt cothrom le dáta chun cur le feidhmiú.

13.3.2 Nuachtáin

Tá tionscal na nuachtán in Éirinn ag tabhairt scéim dheonach i gcomhar le DoEHLG chun críche i ndáil le hathchúrsáil a dhéanamh ar nuachtáin 'nach ndíoltar' ag leibhéal an ghníomhaire nuachta. Tá scéim iarthomhaltóra chun tacú le hathchúrsáil tí á moladh freisin.

13.3.3 Dramhaíl Tógála / Scartála

Tá tionscnamh deonach forbartha ag an gCónaidhm Tionscail Foirgníochta chun cur le feidhmíocht ó thaobh dramhaíola C&D chun spriocanna Náisiúnta athchúrsála a chomhlíonadh. Chun é a fheidhmiú beidh ról rialaithe ag na húdaráis áitiúla ag céim phleanála tionscadal mór.

13.3.4 Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach

Tar éis glacadh le Treoir AE 2002/96/EC ó Lúnasa 2005 beidh teaghlaigh in ann 'WEEE' ar nós cuisneoirí, físeáin, raidiónna srl, a thabhairt ar ais chuig an siopa (nua ar shean) nó chuig ionad athchúrsála an údaráis áitiúil saor in aisce. Caithfidh na táirgeoirí maoiniú a chur ar fáil don WEEE a eascraíonn as earraí a chuireann siad ar an margadh tar éis an 13 Lúnasa 2005, chomh maith leis an WEEE go léir a eascraíonn as earraí a cuireadh ar an margadh roimhe seo. Tá sé seo á dhéanamh trí Chostais Bhainistiú Comhshaoil (vEMC) ar na hearraí go léir a chuirtear ar an margadh. Cuirfidh na costais sin maoiniú ar fáil do dhá scéim comhlíonta atá i mbun oibríochta in Éirinn (WEEE Éireann agus Ardán Athchúrsála na hEorpa) lena chur ar a gcumas íoc as bainistiú slán ó thaobh an chomhshaoil de ar an WEEE tí go léir a ghlacann miondíoltóirí ar ais nó a fhágann daoine den phobal ag láithreáin áiseanna cathartha.

13.3.5 Feithiclí i nDeireadh a Ré (Dramh-Charranna)

Faoi Threoir AE 2000/53/CE bíonn ar dhéantóirí carranna bainistiú a dhéanamh ar bhailiú agus ar bhainistiú seanfheithiclí. Is éard is brí leis sin ná go mbeidh an pobal ábalta feithiclí a thabhairt ar ais saor in aisce. Tabharfaidh an DoEHLG reachtaíocht isteach mar thaca leis an scéim.

13.3.6 Boinn

Faoi láthair tá DoEHLG ag déanamh idirbheartaíochta le Cumann Tionscal Bonn na hÉireann maidir le scéim a thabhairt isteach a chinnteodh go ndéanfaí bainistiú ceart ar bhoinn faoi thionscnamh um fhreagracht ar tháirgeoirí.

13.3.7 Scéimeanna Eile um Fhreagracht an Táirgeora

Táthar ag súil go bhforbrófar moltaí eile d'ábhair mar cheallraí, eolairí teileafóin, péinteanna, cógais, agus postas gan mhaith.

Ba chóir gur impleachtaí dearfacha a bheadh ag na scéimeanna seo ar an ngnáth-theach nó ar an ngnáthghnó. Aistreoidh an fhreagracht maidir leis na sruthanna dramhaíola sin a bhainistiú chuig an táirgeoir seachas ón bpobal. Ciallóidh sé sin go mbeidh costas aisghabhála nó diúscartha san áireamh sa phraghas ceannaigh agus nach gcuirfear an costas sin ar an té a bhfanfaidh an t-ábhar aige/aici. Tabharfaidh na scéimeanna ugach freisin do thionscail deireadh a chur le dramhaíl de réir a chéile ag céim deartha a dtáirgí agus déanfar táirgí a dhearadh a mbeidh sé níos éasca iad a athchúrsáil.

Beidh freagrachtaí breise ar údaráis áitiúla rialáil a dhéanamh ar na scéimeanna éagsúla (cigireachtaí, bailiú sonraí, bearta forfheidhmithe, tuairisciú chuig an EPA agus chuig an DoEHLG) chun a chinntiú go mbeidh táirgeoirí ag cloí leis an reachtaíocht. Maidir le WEEE, beidh ar údaráis áitiúla infheistíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar shaoráidí bailiúcháin ag ionaid athchúrsála.

13.4 GRÚPA D'FHORBAIRT AN MHARGAIDH

Is é an mórchuspóir atá le moltaí athchúrsála an Phlean ná 'aisghabháil acmhainní' ina ndéanfar ábhair athchúrsáilte a úsáid chun táirgí nua a chruthú agus mar thoradh air sin laghdófar ar an ídiú atáthar a dhéanamh ar acmhainní. Cé go bhfuil feabhas mór tagtha ar athchúrsáil le blianta beaga anuas tá imní á léiriú mar go ndéanaimid beagnach 70% dár ndramhaíl a allmhairiú d'athchúrsáil (os cionn 850,000 tonna). Cé go bhfuil allmhairiú a dhéanamh ar ábhair d'athchúrsáil inghlactha ó thaobh sreabhadh domhanda a dhéanamh ar ábhair, tá athchúrsáil fós an-daor agus do-dhéanta mar go bhfuil easpa margaí ann.

Mar aitheantas ar na saincheisteanna seo bhunaigh an Rialtas Grúpa d'Fhorbairt an Mhargaidh chun dlús a chur le clár forbartha margaidh d'ábhair is féidir a athchúrsáil. Díreoidh an grúpa ar bhacainní ar úsáid agus margaíocht ábhar inathchúrsáilte a shainaithint agus moltaí a dhéanamh maidir leis an tslí chun na bacainní sin a threascairt. Aithneoidh an grúpa freisin tionscadail le haghaidh cúnamh airgeadais. Táthar ag déanamh maoiniú air sin ón gCiste Comhshaoil. Tá trí ghrúpa oibre ó na hearnálacha cuí (lena n-áirítear tionscal, cuideachtaí dramhaíola agus an earnáil phoiblí) bunaithe chun déileáil leis na sruthanna dramhaíola is mó a dhéantar athchúrsáil orthu: páipéar agus cairtchlár, gloine agus dramhaíl orgánach. Ceann de na cuspóirí is ea cumas athphróiseála baile a fhorbairt ina mbeidh níos lú iompair de dhíth agus go mbeidh níos mó fostaíochta á coinneáil in Éirinn.

Beidh ar Údaráis Áitiúla tacú le bearta forbartha margaidh freisin agus ceannródaíocht a ghlacadh nuair is féidir maidir le deiseanna agus scéimeanna píolótacha a léiriú. Beidh comhoibriú ó earnálacha tionscail éagsúla de dhíth.

Tá staidéar coimisiúnaithe ag Grúpa Forbartha an Mhargaidh Thuaidh Theas maidir leis an bhféidearthacht muileann páipéir uile-oileánda a bheith ann chun déileáil leis an dramhpháipéar go léir a chruthaítear ar an oileán.

13.5 COMHOIBRIÚ THUAIDH THEAS MAIDIR LE BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Tá roinnt Grúpaí Trasteorann eile ann chomh maith le tuarascálacha a bhfuil an bealach réitithe acu chun tuarascáil ag scrúdú saincheisteanna bhainistiú dramhaíola Trasteorann a ullmhú. Ní amháin gur scrúdaigh na Grúpaí agus na tuarascálacha sin saincheisteanna bhainistiú dramhaíola ach dhírigh sé freisin ar chomhoibriú Trasteorann i gcoitinne. Mar shampla, tá na tionscnaimh sin forbartha chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ghnólachtaí áitiúla agus fiontair bheaga agus meánmhéide (SMEanna) sa Réigiún Trasteorann, chomh maith le comhoibriú trasteorann as a leanann forbairt margaí agus tionscail a mhéadú. Spreag na tionscnaimh sin freisin cur chuige i gcomhar ag na húdaráis áitiúla i leith saincheisteanna ar an dá thaobh den teorainn.

13.5.1 Chomhchomhairle Gnó IBEC-CBI

Sa tréimhse ó 1991 – 1999 ghníomhaigh Comhchomhairle Gnó (JBC) IBEC-CBI mar chatalach chun an leibhéal trádála, forbairt ghnó agus comhoibriú eacnamaíochta idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann a leathnú agus a uasmhéadú. Sa bhliain 1999, bunaíodh *Intertrade Ireland* agus freagracht aige as Forbairt Trádála agus Ghnó, ag an tráth sin rinne an JBC athshainmhíniú ar a mhisean mar:

> *"Comhoibriú gnó a fhorbairt agus a bhuanú laistigh d'oileán na hÉireann agus aghaidh a thabhairt ar iomaíocht idirnáisiúnta."*

Chuir an Comhchomhairle Gnó straitéis nua i bhfeidhm ó 2002 – 2006 agus é mar chuspóir aici:

- Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó thuaidh-theas ina ngníomhaíonn SMEanna sna réimsí teileachumarsáide, fuinnimh, loighisticí agus iompar an tslabhra soláthair agus bainistiú dramhaíola;
- Nuáil agus fiontraíocht ghnó thuaidh theas a fhorbairt agus naisc ghnó/oideachais ar fud roinnt earnálacha lena n-áirítear biteicneolaíocht, feistí liachta agus ICT a chur chun cinn;
- Fostaíocht trasteorann a chur chun cinn agus deireadh a chur le bacainní ar ghluaiseacht saothair trasteorann.

Bhí staidéar a rinne an IBEC-CBI dar teideal *Waste Management in the Interreg Cross Border Region from an SME Perspective* san áireamh sa Chomhchomhairle Gnó (JBC). Is é príomhchuspóir an staidéir lánpháirtithe seo ná forbairt na trádála thuaidh theas a éascú trí cheisteanna atá criticiúil do SMEanna a aithint agus trí pholasaithe agus gníomhartha cuí a mheas chun SMEanna a dhéanamh níos iomaíche le trádáil a dhéanamh ar an oileán agus den oileán. D'fhéach an staidéar freisin le haon saincheisteanna bhainistiú dramhaíola a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar thrádáil thuaidh theas, gníomhartha cuí a mholadh agus an sár-chleachtas a chur chun cinn agus forbairt ghnó a mhéadú.

13.5.2 ICBAN

Bunaíodh ICBAN (Líonra Lár-Cheantar Teorann na hÉireann) i 1995 agus tá sé comhdhéanta de deich gcinn d'údaráis áitiúla, cúig cinn i dTuaisceart Éireann agus cúig cinn i bPoblacht na hÉireann. Réimsíonn an grúpa an Lár-Réigiún Trasteorann le Tír Eoghain, Fear Manach, Sligeach, Ard Mhacha, Dún na nGall, An Cabhán, Muineachán agus Liatroim ina lár. Ó bunaíodh é i 1995, fuair ICBAN maoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) faoi thionscnamh INTERREG.

13.5.3 INTERREG

Spreagann Clár INTERREG IIIA an Aontais Eorpaigh comhoibriú trasteorann idir réigiúin atá in aice lena chéile agus tá sé mar aidhm aige ionaid shóisialta agus eacnamaíochta trasteorann a fhorbairt trí comhstraitéisí forbartha.

Tá réigiún INTERREG comhdhéanta de 26 comhairle ceantair laistigh de Thuaisceart Éireann agus na 6 Chontae teorann seo a leanas i bPoblacht na hÉireann.

- Contae Dhún na nGall
- Contae Shligigh
- Contae Liatroma
- Contae an Chabháin
- Contae Mhuineacháin
- Contae Lú

Bhí agus tá aird dírithe ar bhainistiú dramhaíola sa cheantar trasteorann seo ar roinnt cúiseanna. Rud amháin a chur go mór leis sin le gairid ná an feachtas feasachta gus faisnéise dramhaíola, a bhfuil tuairisc thuas air, atá á dhéanamh faoi Chlár INTERREG IIIA ar chostas de €2.5M.

Trí gach ábhar athchúrsála a bhreithniú ar bhonn Uile Oileáin ba léir roinnt 'barainneachtaí an mhórscála' a d'fhéadfadh a bheith ann – mar shampla cuirtear le hinmharthanacht saoráidí chun WEEE, boinn úsáidte nó páipéar dramhaíola a aisghabháil de réir mar a thagann méadú ar an líon

ábhar atá ar fáil. Bíonn deis ar fáil freisin chun saineolas agus acmhainní teicneolaíochta san earnáil bhainistiú dramhaíola a roinnt. Feidhmíonn roinnt cuideachtaí athchúrsála, a bhfuil ag éirí leo, ar bhonn uile-oileáin cheana féin.
Le gairid tháinig roinnt cásanna a bhaineann le gluaiseacht agus diúscairt ar dhramhaíl neamhúdaraithe chun solais agus léiríonn sé sin nach mór cumarsáid agus comhoibriú a bheith idir údaráis áitiúla agus comhlachtaí forfheidhmithe sa dá dhlínse.

Thug Comhairle Chontae Mhuineacháin Staidéar Bhainistiú Dramhaíola Trasteorann chun críche le deireanas a scrúdaigh na deiseanna do chomhoibriú i bpleanáil bhainistiú dramhaíola agus forbairt ar bhonneagair, agus freisin ar na bacainní reatha nó difríochtaí i mbainistiú dramhaíola ar nós na réimeanna rialtóireachta agus na nósanna imeachta d'allmhairiú agus d'onnmhairiú dramhaíola.

13.6 POLASAÍ AGUS REACHTAÍOCHT BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA AN AONTAIS EORPAIGH

Tá polasaí comhshaoil, a leanann de bheith ag éabhlú ag leibhéal an AE, ceaptha chun leibhéil arda cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol i gcoitinne a thabhairt, agus leagann sé amach creat leathan chun na cuspóirí sin a bhaint amach. I ndáil le bainistiú dramhaíola, agus mar atá leagtha amach sa Straitéis Phobail um Bainistiú Dramhaíola, agus in áiteanna eile, tá an polasaí bunaithe ar chúig phrionsabal uileghabhálacha, mar a leanas:

- Féindhóthanacht
- Prionsabal an Ghaobhair
- An Prionsabal go n-Íocann an Truaillitheoir
- An Teicneolaíocht is Fearr atá ar Fáil nach mBaineann Costas Iomarcach léi (BATNEEC)
- An tOrdlathas Bhainistiú Dramhaíola

Leagann an tOrdlathas Bhainistiú Dramhaíola amach an cur chuige is fearr do bhainistiú dramhaíola, leis an diúscairt ar rogha a bhfuil gá leis, ach fós gurb é an rogha é is lú a mbeadh tóir air.

- Laghdaigh
- Athúsáid
- Athchúrsáil
- Aisghabháil Fuinnimh
- Diúscairt

REACHTAÍOCHT AE NUA

13.6.1 Treoir (2000/76/CE) AE ar Loscadh Dramhaíola

Tagann an Treoir seo in áit threoracha 89/368/EEC agus 94/67/CE, agus pléann le nithe a bhí fágtha amach sna Treoracha sin. Tá an Treoir dírithe ar chosc nó ar theorainn a chur ar thionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol agus na baoil a bhíonn mar thoradh ar loscadh nó ar chomh-loscadh dramhaíola ar shláinte an duine. Leagtar luachanna teorainneacha amach d'astúcháin dé-ocsainí, mearcair, agus deannaigh a thagann ó dhramhaíl loiscthe chomh maith le riachtanais monatóireachta agus oibríochta.

Ní mór do gach monarcha loiscthe nó comh-loiscthe a bheith údaraithe ag an údarás áitiúil cuí a shonróidh cinéal agus méid na dramhaíola a bheidh le coireáil i monarchana den chineál sin. Leagann an Treoir íos-riachtanais oibríochta síos chun dó dramhaíola iomlán a chinntiú. Ní mór an méid is lú iarmhair a bheith i gceist agus a laghad dochair is féidir a bheith ag baint leo agus ní mór iarmhair, chomh fada agus is féidir, a athchúrsáil.

13.6.2 Treoir ón AE ar Fheithiclí i nDeireadh a Ré

Tugadh isteach Treoir AE ar Fheithiclí i nDeireadh a Ré (2000/53/CE) i 2000. Molann an treoir seo an coincheap freagracht ar an táirgeoir a thabhairt isteach maidir le diúscairt feithiclí i ndeireadh a ré trí thobhach a chur ar chostas táirgthe gach cairr agus bainfear leas as an tobhach sin chun feithiclí a dhiúscairt agus a athchúrsáil ar bhealach inbhuanaithe a bhíonn fabhrach don chomhshaol. Chomh maith leis sin, caithfidh táirgeoirí a ndícheall a dhéanamh an méid ábhair ghuaisigh a bhíonn in úsáid i dtáirgeadh feithiclí a laghdú ar shlí a éascaíonn na feithiclí sin a bhaint ó chéile.

13.6.3 Treoir AE ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach

Is é aidhm na Treorach (2002/96/CE) seo ná feabhas a chur ar rátaí aisghabhála nithe dramhaíola/draimhe agus an líon dramhaíola atá ag dul chuig líonadh talún a laghdú. Tá táirgeoirí WEEE freagrach as trealamh i nDeireadh a Ré mar ríomhairí, teilifíseáin, folúsghlantóirí srl, a mheasann an AE gur dramhaíl tosaíochta iad, a aisghabháil. Áirítear sa treoir sprioc de ar a laghad 4kg de WEEE a bhailiú in aghaidh gach áitritheo in aghaidh na bliana faoi 2006.

13.6.4 Treoir AE ar Fhotháirgí Ainmhíocha

Tá an Treoir (1774/2002/CE) ar Fhotháirgí Ainmhíocha tábhachtach i gcomhthéacs na dramhaíola mar go rialaíonn sí diúscairt ar fhotháirgí ainmhíocha nach bhfuil beartaithe do dhaoine a chaitheamh. Tháinig an Rialachán um Fhotháirgí Ainmhíocha i bhfeidhm an 2ú Bealtaine 2003 agus faoi roinntear fotháirgí i 3 chatagóir, ag sonrú bealach diúscartha do gach catagóir. Ardóidh sé sin costais fhearais

chóireála bitheolaíche a bhíonn ag cóireáil fotháirgí ainmhíocha (ABPanna), lena n-áirítear fuíollábhair bia.

13.6.5 Treoir ón AE ar Fhuinneamh Inathnuaite

Tugadh isteach Cur chun Cinn Fuinnimh ó Fhoinsí Fuinnimh Inathnuaite (2001/CE) sa Mhargadh Leictreachais Inmheánach isteach sa bhliain 2001 chun úsáid fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn agus a chinntiú. Caithfidh gach ballstát spriocanna a leagan síos do chur chun cinn fuinnimh inathnuaite agus tacaíocht a thabhairt do thionscadail fuinnimh inathnuaite. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag gás líonadh talú, múiríniú dramhaíola agus bithghás leis an treoir seo. Is é táscsprioc foriomlán na treorach ná an sciar den táirgeadh fuinnimh inathnuaite a mhéadú go dtí 12% den fhuinneamh go léir a bhíonn in úsáid agus an táirgeadh leictreacchais inathnuaite a mhéadú go dtí 22% den ídiú iomlán leictreachais sa bhliain 2010.

13.6.6 Rialachán an AE ar Staitisticí Dramhaíola

Ceanglaíonn an Rialachán um Staitisticí Dramhaíola 2150/2002 ar Bhallstáit Faisnéis a thabhairt don Choimisiún ar chruthú, aisghabháil agus diúscairt dramhaíola. Clúdóidh na staitisiticí cruthú dramhaíola de réir Iarscríbhinn I den Rialachán, a liostaíonn na catagóirí dramhaíola atá le cur san áireamh agus tá achoimre in Iarscríbhinn II ar na méideanna a bhíonn faoi réir ag oibríochtaí aisghabhála agus diúscartha. Is í an bhliain 2004 an chéad bhliain dá mbeidh staitisticí bailithe. Caithfidh Ballstáit ansin sonraí a thabhairt gach dara bliain tar éis 2004.

13.6.7 Treoir SEA an AE

Ceanglaíonn an Treoir SEA (2001/42/CE) go gcaithfidh tuarascáil SEA a bheith foilsithe i dteannta le dréacht aon phlean/chlár atá sonraithe faoi Threoir EIA a bhíonn faoi réir ag measúnú timpeallachta i.e. suiteálacha diúscartha dramhaíola.

13.6.8 Treoir Astuithe Tuaslagóirí ón AE

Díríonn an Treoir Astuithe Tuaslagóirí (1993/13/CE) ar na tionchair dhochracha a bhíonn ag tuaslagóirí orgánacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Tugadh an treoir isteach in Éirinn trí na Rialacháin um Astuithe de Chomhdhúile Orgánacha Soghalaithe ó Thuaslagóirí Orgánacha, 2002.

13.7 REACHTAÍOCHT AGUS POLASAITHE NÁISIÚNTA NUA

Tá polasaí agus reachtaíocht bhainistiú dramhaíola an AE á chur i bhfeidhm trí roinnt bearta lena n-áirítear rúin, cumarsáidí, treoracha agus rialacháin, a chuireann oibleagáidí ina seal féin ar Bhallstáit iad a thrasuíomh isteach ina bpolasaí agus ina reachtaíocht náisiúnta, de réir mar is cuí.

13.7.1 Polasaithe Náisiúnta

Lean polasaí bhainistiú dramhaíola de bheith á éabhlú agus á fhorbairt chun freagairt do na hoibleagáidí a fhorchuireann an tAontas Eorpach, ach ní amháin sin mar fhreagra ar riachtanais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith lena bheith i gcomhthéacs Forbairt Inmharthana: Staitéis d'Éirinn, a foilsíodh sa bhliain 1997.

Ba é an fócas ar na polasaithe seo ná feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil agus gluaiseacht i dtreo cleachtais bhainistiú dramhaíola níos inbhuanaithe a spreagadh, leis an mbéim ar laghdú dramhaíola, athúsáid agus athchúrsáil. Tá raon beart tugtha isteach chun tacú leis na tionscnaimh sin, lena n-áirítear ionstraimí eacnamaíochta, ar nós Tobhach Líonadh Talún agus Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha, rud a d'ardaigh feasacht agus a mbeidh tionchar acu ar athrú in eacnamaíochtaí an bhainistiú dramhaíola.
Áriítear ar na príomhthionscnaimh polasaí dramhaíola, atá dírithe ar bhainistiú níos inbhuanaithe a dhéanamh ar dhramhaíl, agus a bhreithnítear thíos:

- ***Recycling for Ireland.*** Foilsithe i 1994, leag sé sin amach straitéis náisiúnta d'athchúrsái ar dhramhaíl tí agus tráchtála, ag leagan síos spriocanna athchúrsála agus ag cruthú roinnt sasraí d'fheidhmiú agus d'athbhreithniú.
- ***Waste Management - Changing Our Ways - A Policy Statement.*** Foilsithe i 1998, shainaithin se an gá práinneach atá leis an gcleachtas bhainistiú dramhaíola in Éirinn a nuachóiriú agus threisigh sé go bhfuil gá le himeacht ó dhramhaíl a chur chuig líonadh talún agus dul i dtreo cosc, laghdú agus athchúrsáil dramhaíola.
- ***Preventing and Recycling Waste – Delivering Change – A Policy Statement***. Foilsithe i 2002, aithníonn an ráiteas polasaí seo nach bhfuil an fás leanúnach ar tháirgeadh dramhaíola inbhuanaithe, agus tugann sé aghaidh ar phríomhcheisteanna a bhaineann le cuspóirí polasáí athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a bhaint amach.
- **Waste Management - Taking Stock and Moving Forward – A Policy Statement.** Foilsíodh *Waste Management, Taking Stock and Moving Forward* in Aibreán 2004 agus, i dteannta leis an bhForléargas Náisiúnta ar Phleananna Bhainistiú Dramhaíola, thug sé tuairisc cúig bliana ar dhul chun cinn bhainistiú dramhaíola na hÉireann ó 1998-2003. Bhí an polasaí fréamhaithe sa choincheap de chur chuige lánpháirtithe ar bhainistiú dramhaíola.

13.7.2 Reachtaíocht Náisiúnta

Ó glacadh leis an bPlean deireanach i 2000 tugadh isteach an reachtaíocht seo a leanas a bhfuil baint acu le saincheisteanna pleanála dramhaíola.

An tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Úsáid Sloda Séarachais i dTalmhaíocht) (Leasú) 2002
Tagann siad seo in ionad Rialacháin 1991 maidir le cosaint an chomhshaoil agus go háirithe cosaint na hithreach nuair a bhíonn sloda séarachais in úsáid i dtalmhaíocht.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnú) (Leasú), 2002
Soiléiríonn na Rialacháin seo na sainmhínithe ar roinnt téarmaí cuí, rangaítear iontu cineálacha éagsúla líonta talún a bhfuil de chead acu feidhmiú faoin gcóras ceadúnaithe agus déantar coinníoll de chineálacha ar leith dramhaíola a bhaint amach de réir a chéile as a bheith inghlactha ag láithréain líonta talún.

An tAcht um Chaomhnú Comhshaoil 2003
Atreisíonn an tAchtu um Chaomhnú Comhshaoil 2003 reachtaíocht comhshaoil na hÉireann atá ann fafoi láthair trí na IPCanna agus ceadúnú dramhaíola atá cheana ann a thabhairt cothrom le dáta le Reachtaíocht an AE go sonrach maidir le Treoir an IPPC (96/61/CE). Leasaíonn sé iad seo a leanas freisin chun a chinntiú go gcuirtear an Prionsabal go nÍocann an Truaillitheoir i bhfeidhm agus go bhforghníomhaítear é.

- An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.
- An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996.
- An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.

I dtéarmaí bainistithe dramhaíola sonracha, d'fhoráil an tAcht do roinnt beart nua, lena n-áirítear, athbhreithniú, comhathrú nó athrú ar phlean bhainistiú dramhaíola a bheith mar fheidhm feidhmiúcháin, chomh maith le tabhairt isteach léir-chumhachtaí nua d'údaráis áitiúla chun muirir a bhaint amach ar sheirbhísí dramhaíola.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnú) (Leasú), 2004
Faoi na rialacháin seo is féidir ceadúnais dramhaíola a eisiúint ar bhunús Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) seachas An Teicneolaíocht is Fearr atá ar Fáil nach mBaineann Costas Iomarcach léi (BATNEC). Cuirfidh feidhmiú BAT tuilleadh le feidhmiú comhshaoil ó shaoráidí dramhaíola na hÉireann sa todhchaí.

Chomh maith leis sin rinneadh athruithe ar an méid eolais a bheidh le soláthar ar iarratasóirí lena chinntiú go bhfuil níos mó trédhearcachta i gceist i ndáil le gníomhaíochtaí dramhaíola. Bíonn éifeachtacht fuinnimh anois le breithniú nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar iarratais cheadúnas

dramhaíola, agus ar chumhachtaí nua ceadúnas a aisghairm nó a chur ar fionraí bunaithe ar riachtanais "dhuine ceart cuí".

Go ginearálta, rinneadh roinnt leasuithe ar Na Rialacháin um Bainistíú Dramhaíola in imeacht na gcúig bliana atá caite, iad dírithe den chuid is mó ar laghdú a dhéanamh ar chineálacha dramhaíola ar leith chuig láithreacha líonta talún, teorainn a chur le hábhair dhochracha a bheith i dtáirgeadh earraí agus ar chóras ceadúnaithe agus ceadaithe níos cuimsithí a sholáthar.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú), 2003

Leasaíonn na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú) (Leasú), 2004 (I.R. Uimh. 871 de 2004) Rialacháin Pacáistithe 2003 atá cheana ann agus bhí éifeacht leo an 30 Nollaig 2004. Tá sé mar aidhm ag Rialacháin nua 2004 cabhrú tuilleadh le haisghabháil dramhaíola pacáistithe a chur chun cinn agus le baint amach spriocanna aisghabhála dramhaíola pacáistithe na hÉireann do dheireadh 2005, arna mbunú faoi Threoir 94/62/CE ar phacáistiú agus ar dhramhaíl phacáistithe, a éascú.

13.7.3 Polasaí agus Reachtaíocht Dramhaíola ar Feitheamh

Treoir Mholta AE ar Bhithdhramhaíl

D'fhoilsigh an AE an dara dréacht den cháipéis oibre ar Chóireáil Bhitheolaíoch ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe i mí Feabhra 2001. Is í príomhaidhm na cáipéise sin ná cóireáil bhitheolaíoch ar dhramhaíl chathrach in-bhithghrádaithe (BMW) a chur chun cinn agus na spriocanna atá leagtha amach sa Treoir ar Líonadh Talún a bhaint amach. Áirítear sa treoir mholta an riachtanas atá ann go ndéanfadh údaráis áitiúla BMW ar leithligh a aimsiú.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar mór ag an Treoir seo nuair a bheifear ag cur múiríniú BMW chun cinn agus nuair a bheidh coinníoll le déanamh de shonraíochtaí ardchaighdeáin agus úsáidí múirín laistigh den AE. Tá an baol ann go nascfar an treoir seo leis an straitéis ithreach AE atá beartaithe agus leis an Treoir Sloda athbhreithnithe a bheidh le tabhairt chun críche i 2005.

Treoir Mholta AE ar Cheallraí

Tá athbhreithniú le déanamh ag Leibhéal Eorpach ar an rialachán atá ann faoi láthair maidir le ceallraí agus taischeallraí. Tá Treoir nua AE ar Cheallraí á forbairt. Beartaíonn sé déileáil le bailiúchán agus athchúrsáil GACH cineál ceallraí a chuirtear ar mhargadh an AE.

Beartaíonn sé cosc a chur ar cheallraí gluaisteáin agus tionsclaíochta a chur chuig líonadh talú agus a dhó agus beartaíonn sé a cheangal ar bhallstáit córais náisiúnta bailithe a chur ar bun. Tabharfaidh sé spriocanna bailithe agus athchúrsála isteach freisin do cheallraí tionsclaíochta agus do cheallraí iniompartha. Tá an Treoir le cur cur i bhfeidhm laistigh de dhá ?? ó ghlacann Ballstáit an AE é.

Straitéis Ithreach an AE

Tá an AE ag glacadh céimeanna i bhforbairt pholasaí cuimsitheach AE ar chosaint ithreach, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar scaipeadh múirín, sloda agus sciodair ainmhithe.

Treoir Nua Sloda

Foilsíodh an tríú dréacht den cháipéis oibre ar shloda in Aibreán 2000, a mhol na huasleibhéil de throm-mhiotail in ithir agus i sloda a laghdú i gcomparáid leis na treoracha sin a rinneadh i dTreoir 86/278/CEE. Éileofar faoin Treoir nua nach mór táirgeoirí agus lámhseálaithe sloda a bheith deimhnithe agus ar deireadh thiar go mbeadh siad freagrach as caighdeán an tsloda a tháirgtear. Is é cuspóir foriomlán na treorach seo ná cur le rátaí athchúrsála sloda agus ábhar orgánach.

Rialachán Nua ar Dhó Neamhúdraithe Dramhaíola Cathrach

Is ann do reachtaíocht cheana gan núis truaillithe aeir a chruthú faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987. Glacfar le rialachán nua a chuireann toirmeasc go soiléir ar dhó neamhúdaraithe dramhaíola cathrach faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go dtí 2005 (DoEHLG, 2006).

Rialachán um Fheithiclí atá i nDeireadh a Ré

Leagann Parlaimint na hEorpach agus Treoir 2000/53/CE ón gComhairle bearta sonracha amach ar fheithiclí atá i ndeireadh a ré a chaithfidh na Ballstáit a chur i bhfeidhm i ndáil le bailiú, stóráil, cóireáil, baint ó chéile, athúsáid agus athchúrsáil feithiclí atá i ndeireadh a ré. Faoin Treoir, beidh ar gach Ballstát spriocanna nua aisghabhála agus athchúrsála de na leibhéil seo a leanas a bhaint amach:

* 85% d'athúsáid / aisghabháil de réir meánmheáchan na feithicle a thugtar suas le haghaidh cóireála cuí faoin 1 Eanáir 2006 (80% d'athchúrsáil ábhair san áireamh), agus
* 95% d'athúsáid / aisghabháil faoin 1 Eanáir 2015 (85% d'athchúrsáil ábhair san áireamh);

- a chinntiú go ndéantar gach feithicil atá i ndeireadh a ré a bhaint ó chéile, a chóireáil agus a aisghabháil ag an tionscal agus gan aon chostas a chur ar shealbhóir / úinéir na feithicle sin agus ar shlí nach bhfuil ina chúis le truailliú comhshaoil;
- córais a thabhairt isteach lena gcuirtear deimhnithe scriosta in iúl don údarás chlárúcháin feithicle inniúil maidir le diúscairt feithiclí atá i ndeireadh a ré ag a n-úinéirí cláraithe ag saoráidí cóireála údaraithe i gcomhair cóireála agus aisghabhála cuí; agus
- úsáid substaintí guaiseacha sonraithe i bhfeithiclí a íoslaghdú.

13.8 AN PLEAN NÁISIÚNTA UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA GUAISÍ (NHWMP)

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an NHWMP i 2001. Is é aidhm an phlean ná dramhaíl ghuaiseach a chosc in Éirinn agus bainistiú níos fearr a dhéanamh uirthi. Tá sé comhdhéanta de straitéisí chun cruthú dramhaíola guaisí a chosc, chun an éifeacht a bhíonn ag drmahaíl ghuaiseach ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus chun bainistiú cuí a dhéanamh ar dhramhaíl ghuaiseach nach féidir a chosc. Is iad príomhfhreagrachaí an phlean:

- Meastachán a dhéanamh den méid dramhaíola guaisí a chruthaítear
- Dramhaíl ghuaiseach a chosc & spriocanna i dtreo na sprice sin a leagan síos
- Dramhaíl ghuaiseach a bhailiú
- Dramhaíl ghuaiseach nach féidir a chosc a aisghabháil & a dhiúscairt
- Bainistiú ar láithreacha diúscartha dramhaíola guaisí **stairiúla**

Áirítear ar Oibleagáidí na nÚdarás Áitiúil faoin NHWMP:

- Córas bailiúcháin do tháirgeoirí dramhaíola guaisí ar scála beag a sholáthar
- Clár (clár alt 26) de na láithreacha diúscartha dramhaíola stairiúla a shainaithint agus a thiomsú
- Feachtais faisnéise & feasachta a sholáthar

13.8.1 Dramhaíl Ghuaiseach a Chosc

Tá sé mar aidhm ag an gClár Coisc, laistigh den NHWMP, teorainn a chur leis na cainníochtaí de dhramhaíl ghuaiseach a tháirgtear agus a dhiúscraítear. Tá na spriocanna seo a leanas leagtha síos ag an gclár:

- Gan aon ardú ar dhiúscairt dramhaíola guaisí os cionn leibhéil 1996
- Deireadh a chur le dramhaíl ghuaiseach neamhthuairiscithe

Tá clár atá fócasaithe go soiléir beartaithe, lena n-áirítear uirlisí ar nós forghníomhú reachtaíochta, tacú le táirgeoirí dramhaíola trí chúnamh caipitil, tacaíocht theicniúil, oiliúint agus oideachas. Tabharfaidh an Clár Coist cúnamh airgeadais agus teicniúil d'fhiontair chun dramhaíl ghuaiseach a chosc agus chun feabhsúcháin a chur ar a bhainistíocht. Tá an Clár Coisc deartha chun díriú ar dtús báire ar na hearnálacha sin inar féidir dul chun cinn a dhéanamh go luath iontu.

I nDún na nGalll, bhí fógraíocht áitiúil ar dhramhaíl ghuaiseach, cainteanna le grúpaí pobail, le gnólachtaí agus leis an bpobal feirmeoireachta i measc na ngníomhaíochtaí coisc.

13.8.2 Iar-Láithreáin Diúscartha Dramhaíola

Níl aon iar-láithreán diúscartha dramhaíola guaisí i nDún na nGall. Faoi alt 26 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, tá ar Údaráis Áitiúla clár a thiomsú (ar a dtugtar clár alt 26) de na láithreacha inar tharla diúscairt de dhramhaíl ghuaiseach. Beidh láithreáin líonadh talún stairiúla agus tréigthe san áireamh ansin. I gcás Chomhairle Chontae Dhún na nGall, ciallaíonn sé sin:

- Láithreacha diúscartha & aisghabhála dramhaíola atá dúnta a shainaithint
- Rioscaí truaillithe comhshaoil ó na láithreacha sin a mheas

- Bearta leighis cuí & costas éifeachtacha a shainaithint
- Bearta leighis a chur i bhfeidhm

Tá modheolaíocht forbartha ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le forbairt chláir alt 26 agus measúnú riosca a dhéanamh ar láithreacha diúscartha dramhaíola guaisí.

13.8.3 Diúscairt Dramhaíola Guaisí

Níl aon saoráidí in Éirinn faoi láthair le haghaidh dramhaíl ghuaiseach a dhiúscairt. (Tá saoráid amháin i gCill Dara le haghaidh diúscairt a dhéanamh ar dhramhaíl aispeistghaolmhar C&D, níl aon líonadh talún eile údaraithe le glacadh le dramhaíl ghuaiseach). Tá naoi saoráid chóireála agus deich stáisiún aistrithe do dhramhaíl ghuaiseach ann, agus níl ceachtar díobh sin suite i nDún na nGall. Déantar dramhaíl ghuaiseach a onnmhairiú chuig saoráidí san Eoraip. Tá ceadúnas dramhaíola deonaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh loiscneora do dhramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí do *Indaver Ireland*.

Tugann an NHWMP le tuiscint gur chóir go mbeadh Éire in ann brath go hiomlán uirthi féin ó thaobh bhainistiú dramhaíola guaisí de. Bealach amháin chun an sprioc sin a bhaint amach ná trí fhorbairt ar shaoráidí cóireála teirmí a chorpraíonn saoráid aisghabhála fuinnimh agus ar an tslí sin ag laghdú an méid dramhaíola guaisí a bhíonn ann le honnmhairiú. Deir an plean freisin, gur chóir dhá láthair líonadh talún a bheidh leagtha amach go sainiúil do dhramhaíl ghuaiseach a thógáil, is é is dóichí i mBaile Átha Cliath agus san Iardheisceart.

Ó eisíodh an NHWMP i 2001, ta an Treoir um Fheithiclí atá i nDeireadh a Ré agus an Treoir um Dhramhthrealamh Leictreach tagtha i bhfeidhm, rud a athróidh an bainistiú ar shruthanna áirithe de dhramhaíl ghuaiseach. Tá athbhreithniú arn NHWMP le déanamh i 2006.

13.9 AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA, 2000 – 2006

Sa chomhthéacs polasaí, bíonn sé úsáideach freisin smaoineamh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, a sholáthraíonn an bonn d'fhorbairt leanúnach eacnamaíochta agus sóisialta in imeacht na tréimhse 2000 – 2006, ag leagan amach straitéis forbartha agus clár infheistíocht do raon réimsí, lena n-áirítear forbairt infrastruchtúir. Tiomnaíonn an Plean é féin freisin do chur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt réigiúnach níos cothromaí.

Aithnítear sa phlean gur ann d'easpaí infrastruchtúir, go speisialta sna seirbhísí iompair agus comhshaoil, mar cheann de na laigí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu agus a threascairt, má tá dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta le cothabháil. Aithníonn sé freisin go bhfuil bainistiú níos fearr ar dhramhaíl sholadach ar cheann de na príomhdhúshláin chomhshaoil, ag rá: *"Tá infrastruchtúr bhainistiú dramhaíola cuí bunriachtanach ní amháin ar chúiseanna cosanta comhshaoil, ach freisin ar*

chúiseanna forbartha tionsclaíochta, mar go bhféadfadh easpa saoráidí cuí dochar a dhéanamh d'fhorbairt."

Aithníonn an Plean Forbartha Náisiúnta freisin an tairbhe a d'fhéadfadh a bhaint amach d'Éirinn ina iomláine trí chomhoibriú eacnamaíocht níos dlúithe. Áirítear leis seo tiomantas go n-oibreoidh na húdaráis ó Thuaidh agus ó Dheas le chéile chun athbhreithniú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar fud raon réimsí comhshaoil, agus go sonrach aithníonn an scóip do bhainistiú dramhaíola feabhsaithe i gcomhthéacs trasteorann.

13.10 LÍONRAÍ AGUS GRÚPAÍ OIBRE AN EPA

I Lúnasa 2004, ghlac an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil (OEE) lena fhreagracht forfheidmiú méadaithe a thabhairt i gcrích trí aird níos mó a dhíriú ar mhaoirseacht ar fhorfheidhmiú na n-údarás áitiúil, agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt don mhaoirseacht sin. Bhí an tslí a raibh an OEE leis sin a dhéanamh ná tús a chur le líonraí idir an OEE agus na húdaráis áitiúla maidir le saincheisteanna tosaíochta áirithe. Ó na líonraí sin bhí grúpaí oibre sainiúla le cruthú chun díriú ar fhadhbanna a bhí tagtha chun cinn a réiteach. Iarradh ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall freastal ar na líonraí agus ina dhiaidh sin ar na grúpaí oibre ar Dhramhaíl a Aistriú Trasteorann, ar Ghníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe agus ar Phlaistigh Scannáin Feirme. Seo a leanas tuairisc ghearr ar an ról a bhí ag Comhairle Chontae Dhún na nGall laistigh de na líonraí agus na grúpaí oibre sin.

13.10.1 An Grúpa Oibre ar Dhramhaíl a Sheoladh Trasteorainn

Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 agus faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl a Sheoladh Trasteorainn), 1998 ina dhiaidh sin, tá aistriú dramhaíola ó Phoblacht na hÉireann go dlínse eile clúdaithe ag *Rialachán (CEE) 259/93 ón gComhairle ar mhaoirsiú agus rialú seoladh dramhaíola laistigh den Chomhphobal Eorpach, isteach sa Chomhphobal Eorpach agus amach as an gComhphobal Eorpach.* Bhí Chomhairle Chontae Dhún na nGalll forghníomhach ina chinntiú go raibh gluaiseacht dramhaíola lasmuigh dá réigiún dramhaíola ag teacht le reachtaíocht náisiúnta agus AE. Leis an taithí fhorfheidhmithe seo ag Comhairle Chontae Dhún na nGall, bhain líonra úsáid as a shaineolas agus a thuairiscí chun lámhleabhar sárchleachtais a dhréachtadh le húsáid ag údaráis áitiúla eile in Éirinn. Dhréachtaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall an lámhleabhar seo, atá anois ag an gcéim chomhairlúcháin le comhaltaí eile an líonra, agus nuair a ghlacfar é bainfear úsáid as chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na tíre. Rith an líonra seo seimineár i mí Feabhra 2005 chun deis a thabhairt d'údaráis áitiúla tosaí ar thuiscint a fháil ar gcás ag tráth neamhchomhllíonta rialacháin an TFS. Tabharfaidh an lámhleabhar ansin an bonn ar an tslí ar féidir le húdarás áitiúil comhlíonadh a chinntiú ina réimse feidhme féin.

13.10.2 An Grúpa Oibre um Ghníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe

De réir mar a d'aithin an OEE go raibh neamhréireacht sa chur chuige ag údaráis áitiúla maidir le forghníomhú an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996, cruthaíodh líonra chun an sárchleachtas sa tír a dhéanamh amach. Is comhalta é Comhairle Chontae Dhún na nGall de ghrúpa oibre agus ritheadh dianchúrsa oiliúna d'fhoireann forghníomhaithe an údaráis áitiúil i Meitheamh 2005 inar cuireadh oiliúint ar bheirt ó gach ceantar údaráis áitiúil sa tír.

13.10.3 An Grúpa Oibre ar Phlaistigh Scannáin Feirme

Tá aitheanta ag an OEE go raibh fadhbanna náisiúnta ann faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Plaisteach Feirme), 2001 agus sa bhliain 2004 iarradh ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall ionadaíocht a bheith aici ar an líonra sin. Bhí Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar an ngrúpa oibre a bunaíodh ina dhiaidh sin. Tá úsáid bainte ag OEE as an ngrúpa oibre sin chun spriocdhíriú ar fhadhbanna a bhféadfadh gné idirchontae a bheith aige. Samhlaítear as an ngrúpa oibre sin gur feidir athruithe a dhéanamh faoin tslí a ngearrann táirgeoirí agus miondíoltóirí tobhach ar phlaistigh feirme lena chinntiú go mbíonn leibhéal níos fearr comhlíonta ann amach anseo.

Tá mionsonraí d'athruithe sa scéim athchúrsála um Phlaistigh Feirme fógartha ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Faoi na hathruithe, déanfar an scéim um Plaistigh Feirme a mhaoiniú trí theaglaim de thobhaigh atá cheana ann arna n-íoc ag comhaltaí táirgthe *Irish Farm Film Producers Ltd. (IFFPG)* a ritheann an scéim agus maoiniú ó mhuirir bhailithe bunaithe ar mheáchán a bheidh le híoc ag feirmeoirí a bhaineann leas as an tseirbhís.

13.11 PLEANÁIL BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA I NDÚN NA NGALL

Is réamhriachtanas é pleanáil bhainistiú dramhaíola don soláthar saoráidí agus seirbhísí feabhsaithe bhainistiú dramhaíola, ó thaobh cleachtais níos inbhuanaithe le méadú ar chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola, chomh maith le cosaint feabhsaithe comhshaoil. Áirítear an Plean reachtúil Bhainistiú Dramhaíola sa chomhthéacs pleanála bhainistiú dramhaíola, ach ní amháin sin beidh sé faoi anáil roinnt pleananna agus straitéisí iomchuí eile, lena n-áirítear:

- Tugann Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2000 plean foriomlán, as a leanfaidh forbairt inbhuanaithe sa Chontae.
- Plean Bhainistiú Dramhaíola Chomhairle Chontae Dhún na nGall, an príomhdhoiciméad agus an bunús reachtúil do phleanáil bhainistiú dramhaíóla laistigh den chontae.
- Grúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt – Plean Bhainistiú Dramhaíola. Is comhalta é Comhairle Chontae Dhún na nGall den Ghrúpa, a bhfuil seacht gcomhairle ceantar i dTuaisceart Éireann san áireamh freisin ann.
- Straitéis Chontae Dhún na nGall 2002 – 2012.

13.11.1 Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall

D'ullmhaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall Plean Forbartha an Chontae de réir Alt 20 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963. Ghlac Comhairle Chontae Dhún na nGall an Plean Forbartha i 2000 agus tháinig sé in áith Plean Forbartha an Chontae roimhe sin den bhliain 1988. Tugann Plean Forbartha an Chontae seo an creat foriomlán, agus leanfaidh forbairt inbhuanaithe an Chontae as. Bhí Polasaí ar Bhainistiú Dramhaíola laistigh den Chontae, lena n-áirítear Plean Bhainistiú Dramhaíola a ullmhú, san áireamh in Alt 2.4 den Phlean. Tá DréachtPhlean Forbartha do Chontae Dhún na nGall 2005 ar taispeáint go poiblí faoi láthair.

13.11.2 Plean Bhainistiú Dramhaíola Chomhairle Chontae Dhún na nGall

Ghlac Comhairle Chontae Dhún na nGall lena Phlean Bhainistiú Dramhaíola i 2000, a ullmhaíodh de réir cheanglais na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil), 1997. Thug an Plean seo an creat chun forbairt a dhéanamh ar bhonneagar agus seirbhísí bhainistiú dramhaíola sa Chontae in imeacht tréimhse an Phlean, atá sceidealta anois le hathbhreithniú a dhéanamh air.

Geallann an Plean Bhainistiú Dramhaíola go soláthrófar an t-infrastruchtúr is gá ar bhonn aonair nó trína rannpháirtíocht i Straitéis Bhainistiú Dramhaíola Ghrúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt. Is éard a bheadh i gceist leis an rogha 'aonair' ná forbairt ar shaoráidí riachtanacha chun spriocanna a chomhlíonadh go hiomlán laistigh de chontae Dhún na nGall, agus is éard a bheadh sa chur chuige réigiúnach ná é a bheith mar aidhm eacnamaíochtaí, láithreas margaidh agus solúbthacht mhéadaithe a bhíonn ag gabháil le rochtain a fháil ar méideanna níos mó dramhaíola a chruthaítear i limistéar gabhála níos mó a bhaint amach.

13.11.3 Grúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt – Plean Bhainistiú Dramhaíola

Leanann an Chomhairle de bheith ag iniúchadh na roghanna réigiúnacha i gcomhar le comhaltaí Ghrúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt. D'ullmhaigh an Grúpa seo plean athsholáthair bhainistiú dramhaíola chun críocha pleanála dramhaíola straitéisí, ar ghlac comhairlí ceantair Thuaisceart Éireann leis i Meitheamh 2006, i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí reachtúla dóibh. Tá sé beartaithe go gcuirfeadh an Plean le Plean Bhainistiú Dramhaíola Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

Rinneadh Measúnú Teicniúil chun na riachtanais shainiúla do bhainistiú na dramhaíola cathrach a shainaithint. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe seo, agus ar an aiseolas ón gcomhairliúchan poiblí a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an bPlean, tá trí phríomh-mhír san áireamh sa Rogha Praiticiúil Comhshaoil is fearr (BPEO) don Réigiún:

- Cosc Dramhaíola – fás bliantúil dramhaíola a theorainniú.

- Aisghabháil Ábhar – córas trí bhosca bruscair chun bailiúchán ar leithligh a dhéanamh ar ábhair thirime inathchúrsáilte, ar dhramhaíl orgánach (dramhaíl ghairdín agus bhia) agus ar dhramhaíl iarmharach do gach líon tí – nuair is indéanta agus de réir mar is cuí.
- Aisghabháil Fuinnimh agus Cóireáil ar Dhramhaíl Iarmharach – Meascán de theicneolaíochtaí dramhaíola, le Cóireáil Mheicniúil Bhitheolaíoch (ach ní loscadh ar an mórchóir) a chur san áireamh, agus é mar chuspóirí:
  - Aisghabháil bhreise ar ábhair chun spriocanna na Straitéise a bhaint amach
  - Laghdú ar inbhithdhíghrádú chun spriocanna reachtúla athstiúradh BMW ó líonadh talún agus spriocanna NILAS a bhaint amach.
  - Aisghabháil fuinnimh trí bhreosla a chruthú le haghaidh giniúint leictreachais agus teasa chun an luach is fearr a bhaint as dramhaíl mar acmhainn.

Geallann an Plean tabhairt faoi staidéar roghnúcháin ar láithreáin chun láithreáin líonadh talún a d'fhéadfaí a úsáid amach anseo a shainaithint, ach aithnítear freisin nach mbeadh dramhaíl a aistriú go Dún na nGall nó as Dún na nGall lena dhiúscairt de réir na bhforálacha reachtúla reatha faoi Phlean Bainisithe an Ríochta Aontaithe d'Onnmhairiú agus d'Allmhairiú Dramhaíola.

13.11.4 Straitéis Chontae Dhún na nGall 2002 – 2012

Tá Straiteis Chontae Dhún na nGall 2002 – 2012 ullmhaithe ag Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall, de réir na bprionsabal atá leagtha amach ag an TascFhórsa Idir-Rannach agus féachann sé le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn agus a chomhordú sa Chontae.

Aithníonn an Straitéis an acmhainn shuntasach atá á chur ar fáil ag comhshaol nádúrtha an Chontae, agus leagtar síos roinnt spriocanna agus cuspóirí gaolmhara ann don earnáil comhshaoil, lena n-áirítear:

- ***Sprioc D:*** An táirgeadh dramhaíoloa go léir a laghdú, a íoslaghdú agus a bhainistiú le haghaidh diúscairt shábháilte deiridh.
- ***Cuspóir D2:*** Oibriú i dtreo feidhmiú a dhéanamh ar Phlean Bhainistiú Dramhaíola Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

Tagairtí

DOELG (2006).*The National Strategy on Biodegradable Waste .DOELG, Ireland*

14 TEILGIN DRAMHAÍOLA

14.1 RÉAMHRÁ

Tá na cainníochtaí dramhaíola i bplean 2000 bunaithe ar na sonraí is fearr a bhí ar fáil ó 1998. Tá feabhas tagtha ar na sásraí tuairiscithe do shonraí dramhaíola ó shin. Tugann an Plean aghaidh ar an ngá atá le tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh ar chruinneas na sonraí a chuireann na Bailitheoirí Dramhaíola ar fáil.

Ionas go ndéanfaidh an Chomhairle an soláthar is gá le haghaidh infrastruchtúir agus seirbhísí, tugann an méid dramhaíola a chaithfear a bhailiú, a athchúrsáil, a dhiúscairt nó a chóireáil ar shlí eile mír chriticiúil do chuspóirí pleanála, ó thaobh na gcostas de agus freisin ó thaobh scála agus cineál na saoráidí agus na seirbhísí a chaithfidh siad a sholáthar. Má bhíonn an fás a ghlactar leis ró-ard, ansin is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin go mbeadh ró-acmhainneacht ann agus impleachtaí costais dá réir agus tionchar diúltach ar an dreasacht íoslaghdú a dhéanamh ar dhramhaíl. Má bhíonn an fás a ghlactar leis ró-íseal, ansin d'fhéadfadh sé nach bhfuil acmhainneacht a dhóthain ann agus nach mbainfí amach na spriocanna, costas breise agus d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don chomhshaol.

Tuarann an graf thíos na héifeachtaí ar eascairtí dramhaíola i nDún na nGall de cheithre ráta fáis. Chun críocha an tonnáiste dramhaíola i nDún na nGall a theilgean do shaolré an Phlean, baineadh úsáid as fás dramhaíola de 1.5%.

Ráta Fáis Cathrach



14.2 LÁITHREÁIN ÁISEANNA CATHARTHA

Tá clár curtha ar bun ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun saoráidí athchúrsála a fhorbairt laistigh den Chontae. Tabharfaidh na Láithreáin Áiseanna Cathartha deis do raon leathan ábhar inathchúrsáilte a ghlacadh, lena n-áirítear gloine, cannaí alúmanaim, cannaí cruach, páipéar, teicstílí, cuisneoirí/reoiteoirí, earraí bána eile, ceallraí, plaistigh, feadáin fluaraiseacha etc. Chomh maith leis sin, is cuid lárnach de na láithreacha a bheidh sa tsaoráid chun glacadh le dramhaíl gairdín. Is féidir é sin a nascadh le hacmhainneachtaí próiseála ar an láthair chun dramhaíl théagartha gairdín a laghdú go dtí dlús níos mó sula n-aistrítear í go dtí saoráid mhúirínithe.

Molann an clár go bhforbrófaí na saoráidí athchúrsála seo a leanas sa chontae (Tábla 14.1). Tá an athchúrsáil atá le baint amach taispeáinte mar chéatadán den dramhaíl tí i dTábla 14.2.

Tábla 14.1 Láithreáin Áiseanna Cathartha

Ainm an Láithreáin:	Dáta na hOibríochta	Costas Measta na Forbartha
Carn Domhnach	Oibríochtúil	Ní Bhaineann
Srath an Urláir	Oibríochtúil	€650,000
An Lathaigh	Lúnasa 2006	€500,000
Leitir Ceanainn	Nollaig 2006	€900,000
Baile na nGallóglach*	Deireadh 2007	€500,000
An Clochán Liath*	Deireadh 2007	€500,000
Bun Crannchа**	Deireadh 2008	€500,000
Láthair in Iardheisceart Dhún na nGall**	Deireadh 2008	€500,000

* Tá Cabhair Deontais faighte chun Láithreán Áiseanna Cathartha a Fhobairt ag Baile na nGallóglach agus ag an gClochán Liath ach ní mór pleanáil Chuid VIII a fháil go fóill.
**Tá maoiniú le cur i bhfeidhm go fóill do láithreacha ag Bun Crannchа agus in Iardheisceart Dhún na nGall

Tá sé beartaithe gach Láithreán Áiseanna Cathartha nua a fhorbairt le rochtain éasca do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta. Machnóidh na Comhairlí ar scaipeadh geografach ar sheirbhísí i ndáil le dlús daonra, an fáil ar bhailiúchán ó cholbha an bhóthair, an fáil ar láithreáin agus féachfaidh siad le huaireanta oscailte a leasú ionas go mbeidh siad níos faide ná na gnáthuaire oifige, nuair is cuí chun freastal ar úsáideoirí.

Tugann Táblaí 14.2 agus 14.3 thíos meastachán den athchúrsáil atá bainte amach thógáil na Láithreacha Áiseanna Cathartha nua agus ó úsáid leanúnach na mbanc tabhartha sa chontae. Chun na críche seo is 1.5% an figiúir fáis dramhaíola náisiúnta.

Tábla 14.2 Rátaí Athchúrsála ag Láithreáin Áiseanna Cathartha

Bliain	*Dramhaíl Tí*	*An Líon Láithreán Áiseanna Cathartha*	*An Chainníocht de réir Láithreáin (500 tonna)*	*Ráta Athchúrsála*
2004	26,449	1	402	1.5%
2005	27,243	1	500	1.8%
2006	28,698	2	1,000	3.5%
2007	30,675	4	2,000	6.5%
2008	32,676	6	3,000	9.2%
2009	34,702	8	4,000	11.5%
2010	35,756	8	4,000	11.2%

Tábla 14.3 Rátaí Athchúrsála ag Ionaid Tabhartha

Bliain	*Dramhaíl Tí*	*An Líon Banc Tabhartha*	*Cainníocht bailithe.*	*Ráta Athchúrsála*
2004	26,449	57	3,643	13.8%
2005	27,243	57	3,643	13.4%
2006	28,698	59	3,771	13.1%
2007	30,675	61	3,899	12.7%
2008	32,676	63	4,026	12.3%
2009	34,702	65	4,154	12.0%
2010	35,756	67	4,282	12.0%

14.3 CÓRAIS BHAILIÚCHÁIN Ó CHOLBHA AN BHÓTHAIR – ÁBHAIR INATHCHÚRSÁILTE

Braithfidh na rátaí athchúrsála a fhéadfar a bhaint amach trí aon chóras bailiúcháin don athchúrsáil ar roinnt príomhbhearta, atá leagtha amach thíos:

- **Ráta Rannpháirtíochta**

An céatadán líonta tí sa cheantar a ghlacann na coimeádáin agus a bhíonn páirteach sa scéim. Bíonn an ráta rannpháirtíochta a bhaintear amach de ghnáth gaolmhar leis an leibhéal infheistíochta i bpoiblíocht agus in oideachas. Is é an spriocrannpháirtíocht a ghlactar leis san anailís ná 80% d'athchúrsáil ó cholbha an bhóthair. Ba chóir a thabhairt ar aird gur leibhéil an-arda rannpháirtíochta iad sin, nach bhféadfaí a bhaint amach, agus a choinneáil, ach amháin le dianchlár oideachais agus poiblíochta.

- **Ráta Gabhála**

An céatadán de gach ábhar spriocdhírithe a chuirtear go hiarbhír sa choimeádán athchúrsála. Athraíonn an ráta gabhála go suntasach idir ábhair, leis an claonadh i sruthanna casta dramhaíola measctha ar nós plaistigh rátaí ísle gabhála a bheith acu. Glactar leis an ráta gabháil d'ábhair inathchúrsáilte mar 60% bunaithe ar an taithí le bailiúchán páipéir agus cairtchláir ó cholbha an bhóthair i dTuaisceart Éireann.

Taispeánann Tábla 14.4 an fheidhmíocht do bhailiúcháin ábhair inathchúrsáilte tirime ó cholbha an bhóthair.

Tábla 14.4 Feidhmíocht an Bhailiúcháin ó Cholbha an Bhóthair – Ábhair Thirime Inathchúrsáilte

Comhdhéanamh	An céatadán de dhramhaíl tír	Ráta Rannpháirtí ochta (%)	Ráta Gabhála (%)	Ráta Athchúrsála (%)
Páipéar / Cárta	20	80 (0.8)	60 (0.6)	9.6%
Teicstíl	2	80 (0.8)	60 (0.6)	0.96%
Eile (miotal feiriúil agus miotal neamhfheiriúil, plaisteach)	4	80 (0.8)	60 (0.6)	1.92%
Iomlán	**26**			**12.48%**

Éileoidh bailiú na n-ábhar seo go ndéanfar leathnú tuilleadh ar an tseirbhís bailiúcháin don 2ú bosca bruscair a tosaíodh níos túisce i mbliana. Taispeánann Tábla 14.5 an miondealú ar an tonnáiste measta a fhéadfar a athchúrsáil ó bhailiúcháin ábhair inathchúrsáilte tirime ó cholbha an bhóthair.

Tábla 14.5 Bailiúchán ó Cholbha an Bhóthair – Ábhair Thirime Inathchúrsáilte

Bliain	*Dramhaíl Tí*	*Athchúrsáil (tonnaí)*	*Athchúrsáil %*	*Cion In-Bhithdhíghrádaithe*	*Clúdach*
2004	26,449				
2005	27,243				
2006	28,698	2,149	7.49%	1,719	60%
2007	30,675	2,680	8.74%	2,144	70%
2008	32,676	3,262	9.98%	2,610	80%
2009	34,702	3,898	11.23%	3,118	90%
2010	35,756	4,462	12.48%	3,570	100%

MÚIRÍNIÚ

14.3.1 Láithreáin Áiseanna Cathartha

Bainfear úsáid as Láithreáin Áiseanna Cathartha chun ábhair inathchúrsáilte agus inmhúirínithe a bhailiú. Tabharfaidh na láithreáin sin, go háirithe, deiseanna suntasacha don Chomhairle dramhaíl ghairdín a bhailiú. Tá na rátaí athchúrsála (múirínithe) a bhaintear amach ag láithreáin áiseanna cathartha san áireamh faoi Roinn 14.3.1 den Phlean seo.

14.3.2 Feidhmíocht na gCóras Múirínithe

Braithfidh na rátaí múirínithe a fhéadfar a bhaint amach trí aon chóras bailiúcháin don athchúrsáil ar roinnt príomhbhearta, atá leagtha amach thíos:

- **Ráta Rannpháirtíochta**

An céatadán líonta tí sa cheantar a ghlacann na coimeádáin agus a bhíonn páirteach sa scéim. Bíonn an ráta rannpháirtíochta a bhaintear amach de ghnáth gaolmhar leis an leibhéal infheistíochta i bpoiblíocht agus in oideachas. Is iad na rátaí rannpháirtíochta a úsáidtear san anailís ná 70% do mhúiríniú baile agus ó cholbha an bhóthair. Ba chóir a thabhairt ar aird gur leibhéil an-arda rannpháirtíochta iad sin, nach bhféadfaí a bhaint amach, agus a choinneáil, ach amháin le dianchlár oideachais agus poiblíochta.

- **Ráta Gabhála**

An céatadán de gach ábhar spriocdhírithe a chuirtear go hiarbhír sa choimeádán múirínithe. Glactar leis an ráta gabhála a bheith ag 25% do mhúiríniú baile agus ag 50% d'ábhair mhúirínithe ó cholbha an bhóthair.

14.3.3 Múiríniú Baile

Tugann múiríniú baile an buntáiste go spriocdhírítear ar chion mór den sruth dramhaíola tí, agus go seachnaítear costais bhailithe breise.

Tábla 14.6 Feidhmíocht i Múiríniú Baile

Comhdhéanamh	%	Ráta Rannpháirtíochta (%)	Ráta Gabhála (%)	Ráta Athchúrsála (%)
Inlofacht	46	70 (0.7)	25 (0.25)	8%

Bunaithe ar an ráta gabhála de 25% a nglactar thuas leis, déanfar múirín de 8% den dramhaíl tí ó thithe atá sa scéim. Tuigtear go bhfuil faisnéis níos fearr de dhíth ar na rátaí sin a nglactar leo.

Tábla 14.7 Spriocanna i Múiríniú Baile

Bliain	*An Líon Líonta Tí le Bosca Múirínithe*	*Athchúrsáil (tonnaí)*	*Athchúrsáil %*
2004		1,200	4.54%
2005	6,000	1,200	4.40%
2006	6,600	1,320	4.60%
2007	7,260	1,452	4.73%
2008	7,986	1,597	4.89%
2009	8,785	1,757	5.06%
2010	9,663	1,933	5.41%

14.3.4 Córais Bhailiúcháin ó Cholbha an Bhóthair

Tá feidhmíocht an bhailiúcháin ó cholbha an bhóthair i gcás ábhair inmhúirínithe/inlofa taispeáinte i dTábla 14.8.

Tábla 14.8 Feidhmíocht an Bhailiúcháin ó Cholbha an Bhóthair – Ábhair Inmhúirínithe/Inlofa

Comhdhéanamh	An céatadán de dhramhaíl tí	Ráta Rannpháirtí ochta (%)	Ráta Gabhála (%)	Ráta Athchúrsála (%)
Inlofacht	46	70 (0.7)	50 (0.5)	16%

Taispeánann Tábla 14.9 na spriocanna do leathadha mach an bhailiúcháin orgánach sa Chontae.

Tábla 14.9 Bailiúcháin ó Cholbha an Bhóthair – Ábhair Inmhúirínithe

Bliain	*Dramhaíl Tí*	*Athchúrsáil (tonnaí)*	*Athchúrsáil %*	*Clúdach*
2004	26,449			
2005	27,243			
2006	28,698	462	1.61%	10%
2007	30,675	741	2.42%	15%
2008	32,676	1,052	3.22%	20%
2009	34,702	1,676	4.83%	30%
2010	35,756	2,303	6.44%	40%

14.4 ACHOIMRE AR ATHCHÚRSÁIL

Tá sraith gníomhartha leagtha amach ag an bPlean don tréimhse 5 bliana lena n-áirítear Láithreáin Áiseanna Cathartha a sholáthar, chomh maith córas múirínithe baile agus córas bailiúcháin ó cholbha an bhóthair. Is é is dóichí go mbainfear amach na torthaí ó thaobh céatadáin athchúrsála de agus tá léirithe ar na costais atá ag gabháil leis i dTábla 14.10.

Tábla 14.10 An Céatadán Athchúrsála Tí

Bliain	Láithreáin Áiseanna Cathartha agus Ionaid Tabhartha	Córais Athchúrsála ó Cholbha an Bhóthair	Múiríniú Baile	Córais Inmhúirínithe ó Cholbha an Bhóthair	Sprioc don % Athchúrsála (Neasfhigiúr)
2005	15.21%		4.40%		19.61%
2006	16.62%	7.49%	4.60%	1.61%	30.32%
2007	19.23%	8.74%	4.73%	2.42%	35.11%
2008	21.50%	9.98%	4.89%	3.22%	39.60%
2009	23.50%	11.23%	5.06%	4.83%	44.62%
2010	23.16%	12.48%	5.41%	6.44%	47.49%

Le linn feidhmiú an Phlean, déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall measúnú go bliantúil ar a ghnóthachtáil i gcomparáid leis na spriocanna bliain ar bhliain atá leagtha amach thuas. Déanfar é seo mar chuid de mheasúnú ar eascairtí dramhaíola agus rátaí athchúrsála. I rith na measúnuithe bliantúla, cuirfear feidhmíocht na sásaí athchúrsála i gcomparáid leis na bhfeidhmíocht mheasta atá mionsonraithe sa Phlean seo.

15 POLASAITHE SINIÚLA AGUS CUSPÓIRÍ DO DHRAMHAÍL CHATHRACH

15.1 RÉAMHRÁ

Tá sainmhíniú tugtha ar dhramhaíl chathrach in Alt 5 (1) den Acht mar “dhramhaíl ó líonta tí, chomh maith le dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile, atá cosúil le dramhaíl ó líonta tí mar gheall ar a cineál agus a comhdhéanamh”. Dá bhrí sin tá dramhaíl ó líonta tí, ó áitribh thrachtála, ó oifigí, ó fhorais, agus cuid den dramhaíl a chruthaítear in áitribh ghnó, ar nós dramhaíl ó chaintíní, san áireamh ann.

Rinneadh measúnú ar an dul chun cinn maidir leis na príomhspriocanna athchúrsála agus athstiúrtha do dhramhaíl tí agus cathrach ag teacht le Prionsabail Polasaí Dramhaíola na hEorpa agus leis an Ordlathas Bhainistiú Dramhaíola le linn an phróisis athbhreithnithe.

Leagann an Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaiteh amach bearta chun dramhaíl chathrach inbhithdhíghrádaithe a athstiúradh ó líonadh talún de réir na spriocanna comhaontaithe i dTreoir 1999/31/CE ón AE ar dhramhaíl a chur chuig líonadh talún. Chun an leibhéal den ábhar inbhithdhíghrádaithe sa sruth dramhaíola iarmharaí a chuirtear chuig líonadh talún a laghdú, caithfear an soláthar ar infrastruchtúr lánpháirtithe sa Chontae a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- Cur chun cinn inbhuanaithe ar chosc agus íoslaghdú dramhaíola,
- Bailiúchán ábhar tirim inathchúrsáilte a leathnú,
- Bailiúchán ar leithligh ar dhramhaíl orgánach a thabhairt isteach sa Chontae,
- Rochtain ar roghanna acmhainn cóireála Bitheolaíoch,
- Réamhchóireálacha malartacha a fhorbairt sa Chonae ar nós Cóireáil Bhitheolaíoch Mheicniúil (MBT), agus
- Saoráidí aisghabhála Fuinnimh a rochtain.

15.2 SPRIOCANNA REACHTÚLA AGUS POLASAÍ ATÁ LE COMHLÍONADH LE LINN NA CÉIME SEO

Leagann an Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíthghrádaithe agus doiciméid pholasaí an rialtais (*Changing our Ways* i 1998, *Delivering Change* i 2001 agus *Taking Stock & Moving Forward* i 2004) spriocanna athchúrsála agus athstiúrtha amach do dhramhaíl tí agus cathrach. Tá na spriocanna sin ag teach le Prionsabail Polasaí Dramhaíola na hEorpa agus leis an Ordlathas Bhainistiú Dramhaíola.

Tá spriocanna na Straitéise Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe le haghaidh dramhaíl chathrach inbhithdhíghrádaithe a athstiúradh ó líonadh talún in Éirinn tugtha i dTábla 15.1.

Tábla 15.1 Spriocanna na hÉireann don Líonadh Talún

1995	An Bunlíne do Chruthú BMW	1,289,911*
Bliain	**Sprioc**	Tonnaí BMW ceadaithe i líonadh talún go Náisiúnta
2010	75%	967,433
2013	50%	644,956
2016/2020	35%	541,469

* Mar Thábla 3.1 den Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe.

Tá sé i gceist ag Éirinn leas a bhaint as maolú ceithre bliana don chéad dhá chéim de na spriocanna athstiúrtha ó líonadh talún, dá bhrí sin is 2010 (iarchurtha ó 2006) an chéad spriocdháta anois, is 2013 (iarchurtha ó 2009) an spriocdháta a bheidh ann don dara céim. Fanfaidh an spriocdháta don tríú céim, faoi láthair, ag 2016 ach déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil athbhreithniú air sin chomh luath agus is féidir.

Chun na spriocanna polasaí agus reachtaíocht atá liostaithe a bhaint amach, tá roinnt spriocanna agus cuspóirí forbartha atá le baint amach i saolré an phlean seo.

15.3 COSC AGUS ÍOSLAGHDÚ DRAMHAÍOLA

Is iad cosc agus íoslaghdú príomhstraitéis Ordlathas Bhainistiú Dramhaíola an AE agus na hÉireann. Cuirfidh Cláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola agus Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe go leor de na sásraí ar fáil do chosc dramhaíola. Áireofar ar shásraí den sórt sin reachtaíocht, faisnéis, treoir agus maoiniú. Tá an dul chun cinn go dtí seo tugtha i gCaibidil 5. Tá íoslaghdú dramhaíola sainaitheanta mar phríomhriachtanas de chuid an Phlean. Tá ról ríthábhachtach aige seo maidir leis an dramhaíl a chruthaítear a laghdú ag an bhfoinse agus ar an tslí sin, má éiríonn leis, an gá ina dhiaidh sin le láimhseáil agus cóireáil dramhaíola a sheachaint.

Déanfar íoslaghdú dramhaíola trí fheachtais oideachais agus feasachta comhshaoil. Beidh tacaíocht ghníomhach do phobail chun dramhaíl tí a laghdú san áireamh ansin, agus freisin spreagfar gnólachtaí chun táirgeadh dramhaíola tráchtála agus tionsclaíochta a laghdú.

Tá feachtais oideachais agus feasachta deighilte i roinnt earnálacha lena n-áirítear ginearálta, scoileanna, gnólachtaí agus pobail.

Cuspóirí do Chosc agus Íoslaghdú Dramhaíola:

An Pobal i gCoitinne

- A chinntiú go mbíonn fáil ar dóthain foirne oideachais agus feasachta dramhaíola do bhainistiú dramhaíola laistigh den chontae.
- Leanúint d'fhógraí a chur i nuachtáin áitiúla a tharraingíonn aird ar shaincheisteanna dramhaíola éagsúla (m.sh. Green Piece).
- Rannpháirtíocht i lá (nó seachtain) íoslaghdaithe dramhaíola athchúrsála a spreagadh nuair a bhíonn gníomhaíochtaí éagsúla á n-eagrú ar fud na Comhairle.
- Leanúint de Ghrúpaí pobail/deonacha a spreagadh chun tabhairt faoi fheachtais chosc dramhaíola agus a bheith rannpháirteach iontu.

Scoileanna

- A chinntiú go mbíonn dóthain foirne oideachais agus feasachta dramhaíola don bhainistiú dramhaíola ar fáil laistigh den Chontae.
- An tionscnamh don bhratach ghlas a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do na scoileanna a bhíonn páirteach sna scéimeanna sin.
- Bailiúchán do dhramhpháipéar a thabhairt isteach i scoileanna chun cultúr athchúrsála a spreagadh agus é a bheith mar luach saothair go gcuirtear páipéar athchúrsáilte ar fáil le húsáid sna scoileanna.
- Físteip oideachais a léiriú a bheidh dírithe ar leanaí bunscoile agus béim ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall.
- Feachtas íoslaghdaithe dramhaíola a fhorbairt lena n-áirítear fógraí, póstaeir, greamáin agus bileoga le scaipeadh i scoileanna.
- Pacáistí oideachais struchtúrtha a fhorbairt a bheidh nasctha le riachtanais curaclaim; le tógáil i gcomhpháirtíocht leis na boird oideachais le haghaidh raon aoisghrúpaí bunscoile agus iar-bhunscoile.

Pobail

- Scéimeanna múiríniú agus athchúrsáil pobail a fhorbairt ina gcuritear úinéireacht don tionscadal leis na háitritheoirí áitiúla.
- Féachaint le tionscadail sárchleachtais a bhunú mar shampla do ghrúpaí pobail.
- Féachaint leis an raon is leithne is féidir d'eagraíochtaí pobail a fháil páirteach, lena n-áirítear séipéil, clubanna spóirt, carthanachtaí, grúpaí ban, daoien faoi mhíchumas, grúpaí óige, etc.
- Páirt a ghlacadh i seachtain Glantacháin Earraigh agus imeachtaí eile.

Cuspóirí do Chosc agus Íoslaghdú Dramhaíola (ar leanúint):

Leibhéal Tráchtála agus Tionscail

- Cosc agus íoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn ag leibhéal tráchtála agus tionscail.
- Gnólachtaí a spreagadh chun tabhairt faoi iniúchtaí comhshaoil.
- Cabhrú le gnólachtaí trí athbhreithnithe comhshaoiil a sholáthar agus measúnú a dhéanamh ar an bpolasaí comhshaoil reatha.
- Feidhmíocht na bhfiontair bheaga agus meánmhéide (SMEanna) a chóimeas agus comparáid a dhéanamh eatarthu.
- Rannpháirtíocht i gclubanna íoslaghdaithe dramhaíola a chruthú agus a spreagadh.
- Gnólachtaí a spreagadh le bheith páirteach i ndúshlán don slabhra soláthair.
- Pacáistí dramhaíola a fhorbairt d'earnálacha éagsúla gnó.
- Scéim gradaim do Ghnó Glas a fhorbairt do Chomhairle Chontae Dhún na nGall.
- Gnólachtaí a spreagadh chun glacadh le polasaí fála glas.
- Soláthar leanúnach ar oifigigh forghníomhaithe chun comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú.
- Clárú láithreán dramhaíola tógála agus scartála a spreagadh.
- Miondíoltóirí a spreagadh le clárú de réir Threoir WEEE.

Comhairle Chontae Dhún na nGall

- Leanúint de chosc dramhaíola a chur chun cinn laistigh d'oifigí na Comhairle go léir agus leanúint d'fheidhmiú na Straitéise Imheánaigh um Laghdú Dramhaíola.
- Breithneoidh an Chomhairle an bhfuil córais bhainistiú comhshaoil i gcomhair seirbhísí cuí le cur i bhfeidhm.
- Leanúint de Pholasaí Ceannaigh Glas a chur chun cinn laistigh den Chomhairle.
- Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar roghanna maidir le margaí d'úsáid múirín arna tháirgeadh ó dhramhaíl inbhithdhíghrádaithe a bhailítear sa Chontae.
- Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar roghanna maidir le fuinnimh mhalartacha a úsáid laistigh de thionscadail na Comhairle.

Tá na spriocanna seo a leanas i ndáil le cosc agus íoslaghdú dramhaíola leagtha síos ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Spriocanna do Chosc agus Íoslaghdú Dramhaíola:

- Láithreán Gréasáin na Comhairle a thabhairt cothrom le dáta chun tuilleadh eolais a thabhairt ar chosc dramhaíola agus athchúrsáil (faoi lár 2006).
- Socraigh lá oscailte bliantúil ag na láithreáin Áiseanna Cathartha chun feasacht ar na saoráidí agus ar an raon ábhar is féidir a athchúrsáil a ardú (faoi dheireadh 2006).
- Leanúint d'fhógraí a chur i nuachtáin áitiúla a tharraingíonn aird ar shaincheisteanna dramhaíola éagsúla m.sh. Green Piece (ar siúl go leanúnach).
- Seimineáir oiliúna in-tí a sholáthar d'fhoireann na Comhairle go léir (Deireadh 2007).
- Measúnú an féidir úsáid a bhaint as ábhair inathchúrsáilte i dtógáil bóthair (Deireadh 2007).
- Tabhairt faoi staidéar tréithrithe dramhaíola imheánach i 2006 chun measúnú a dhéanamh ar an staid reatha den Straitéis Laghdaithe Dramhaíola Inmheánach i gcomparáid leis an sprioc eascairtí dramhaíola inmheánaí a laghdú 15% de réir WMP 2000. Féachaint leis an tslí a thaispeáint trí shampla a thabhairt (Deireadh 2006).
- Spriocdhíriú ar an tionscal tógála trí chlár oiliúna seachtrach a sholáthar do chonraitheoirí agus do bhainisteoirí láithreán i gcomhar le FÁS ar bhainistiú dramhaíola tógála agus scartála (Deireadh 2007).
- Tionólfar sraith seimineár ar íoslaghdú agus cosc dramhaíola don phobal gnó i 2006 (Deireadh 2006).

15.4 BAILIÚ AGUS ATHCHÚRSÁIL DRAMHAÍOLA

Caithfidh údaráis áitiúla a chinntiú go gcuirtear seirbhísí dóthanacha bailithe agus athchúrsála agus/nó saoráidí ar fáil don phobal laistigh dá limistéar féin. Cuirfidh athchúrsáil dramhaíola, go háirithe ag líonta tí, go mór leis an spleáchas ar láithreáin líonadh talún a laghdú. Caithfear seirbhísí bailithe agus saoráidí athchúrsála a chur ar fáil ar fud an Chontae, i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe araon. Beidh seirbhísí bailiúcháin ó cholbha an bhóthair a leathadh amach ar fud an Chontae i gceist leis seo. B'fhéidir nach mbeidh sé indéanta sin a dhéanamh i gceantair thuaithe áirithe, dá bhrí sin, ba chóir saoráidí dóthanacha athchúrsala a sholáthar sna ceantair sin.

Caithfear aghaidh a thabhairt ar an gceist maidir le dramhaíl neamhbhailithe i nDún na nGall, mar i láthair na huaire, bunaithe ar na sonraí dramhaíola atá curtha ar fáil ag Bailitheoirí Dramhaíola Príobháideacha, níl aon seirbhís bailithe dramhaíola ag 52% de na líonta tí. Beidh clár taighde i gceist leis sin, chun sonraí bunlíne a dhéanamh amach ar cad é an cineál ábhair nach bhfuil á bhailiú, an chúis nach bhfuil sé á bhailiú, agus an tslí a bhfuiltear a diúscairt den ábhair sin agus réiteach ar an gceist seo. D'fhéadfadh clár den sórt sin aghaidh a thabhairt freisin ar cheist na dumpála mídhleathaí agus dramhaíl a bheith á dó ar chúl an tí.

Cuspóirí do Bhailiú agus Athchúrsáil Dramhaíola:

- Tabhairt faoi staidéar líonta tí ar dhramhaíl neamhbhailithe.
- Scéimeanna de chineál pobail a chruthú i gceantair thuaithe.
- Leanfar de bhearta forghníomhaithe i gcás go mbíonn dumpáil mhídhleathach nó dó dramhaíola ag tarlú.
- Oideachas do líonta tí maidir le deighilt cheart a dhéanamh ar dhramhaíl.
- A chinntiú go gcuirtear saoráidí bhainistiú dramhaíola san áireamh d'fhorbairtí nua tithíochta.

Spriocanna Dramhaíola Neamhbhailithe

- Suirbhé a dhéanamh ar na líonta tí nach bhfuil ag baint leasa as seirbhís bailithe dramhaíola (laistigh de 1 bhliain ó dhéantar an Plean).
- Bunaithe ar fhaisnéis a thagann ó shuirbhé a leagann amach na spriocanna do laghdú ar dhramhaíl neamhbhailithe faoi 2007.
- Scéim phíolótach pobail a bhunú i gceantar tuaithe (deireadh 2007).
- Machnamh ar Fho-Dhlíthe Dramhaíola a thabhairt isteach lena chinntiú go mbíonn seirbhísí bailiúcháin dramhaíola á lán-úsáid ag an bpobal. Braithfidh sé seo ar thoradh an tsuirbhé ar ghlacadh le bailiúchán dramhaíola tí

Spriocanna Dramhaíola Bailithe agus Athchúrsála

- Leathnú ar an mbailiúchán ar ábhair inathchúrsáilte tirim go dtí 100% de na líonta tí go léir a mbíonn seirbhís bailiúcháin ag freastal orthu (deireadh 2010).
- An 3ú bosca bruscair a thabhairt isteach le haghaidh bailiúchán inbhithdhíghrádaithe i 2006 agus leathnú a dhéanamh ar an tseirbhís bailiúcháin go dtí 40% de líonta tí a ndéanann seirbhís bhailiúchain dramhaíola freastal orthu faoi 2010.
- Cabhrú le bailitheoirí dramhaíola bailiúchán dramhaíola an 3ú Bosca Bruscair a leathadh amach trí chlár feasachta agus oideachais i 2006.

15.5 ATHÚSÁID AGUS ATHCHÚRSÁIL DRAMHAÍOLA

15.5.1 Athúsáid

Leanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall d'aonaid múirínithe baile a sholáthar ag ráta fóirdheonaithe do líonta tí a bhfuil suim acu tabhairt faoi ngníomhaíocht sin. Tá úsáid péistlanna á mbreithniú freisin ag an gComhairle mar shlí chun líonta tí a spreagadh le déileáil le dramhaíol laistigh dá n-áitreabh féin. Cuirfidh bileoga eolais agus cuairteanna iardain chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus a n-úsáid le soláthar na n-aonad sin.

Déanfar na tairbhí a bhaineann le múiríniú baile a thomhas tríd an laghdú sa chainníocht dramhaíola a bhailítear ó líonta tí. Mar sin féin, féachfaidh an Chomhairle le faisnéis níos cruinne a fháil ar na rátaí rannpháirtíochta agus gabhála a bhaineann le córais múirínithe baile ionas gur féidir na cainníochtaí sin a thomhas agus gur féidir cur le baint amach spriocanna eile.

Tá spriocanna leagtha síos d'athchúrsáil agus d'aisghabháil na sruthanna dramhaíola pacáistithe a chruthaíonn cuideachtaí faoi oibleagáid ar nós pacáisteoirí, miondíoltóirí etc. ag Oibleagáidí Freagracht Táirgeora ar nós na gcinn sin do phacáistiú.

Is bealach éasca chun eascairtí dramhaíola a laghdú i sochaí 'caith amach' ná athúsáid a bhaint as earraí ar nó buidéil ghloine bainne agus sean-uirlisí. Dá bhrí sin, spreagfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall athúsáid a bhaint as coimeádáin, éadaí, etc. nuair is cuí sin chun cur le riachtanais an Phlean. Chun críocha an Phlean, déanfar athúsáid a shainmhíniú mar an méid dramhaíola a shábháiltear go bliantúil mar gheall ar úsáid a bhaint as coimeádáin agus ábhair eile is féidir a athúsáid.

15.5.2 Bainc Thabhartha

Tá dul chun cinn suntasach déanta le cúig bliana anuas ar líonra banc tabhartha a fhorbairt sa Chontae, agus i láthair na huaire tá 57 banc tabhartha ann. Is ionann sin agus 1 banc in aghaidh gach 2,413 duine. Cé gurb é an polasaí ginearálta é díriú ar dhlús banc tabhartha de thart ar 1:1,000 duine, meastar go bhfuil scaipeadh na mbanc tabhartha agus an ghaireacht do na bainc agus a éasca atá rochtain orthu ina nithe níos tábhachtaí le breithniú ná díreach minicíocht per capita, go háirithe nuair a bhíonn ceantair uirbeacha á gcur i gcomparáid le ceantair thuaithe. Gné thábhachtach eile atá le breithniú ná éifeachtacht na mbanc tabhartha agus na méideanna a bhailítear. Chomh maith leis sin, chruthaigh sé a bheith deacair suímh oiriúnacha a fháil do bhainc thabhartha sa Chontae.

15.5.3 Bailiúchán Deighilte

Beidh an polasaí bailiúcháin dramhaíola lárnaithe ar seirbhísí bailiúcháin a leathnú go dtí go mbeidh an clúdach is mó aige ar fud an Chontae. Déanfar an córas dhá bhosca bruscair atá cheana ann a leathnú chun bailiúchán deighilte de dhramhaíl inbhithdhíghrádaithe ó líonta tí a chur san áireamh. Beidh an córas trí bhosca bruscair atá beartaithe comhdhéanta de bhosca bruscair don dramhaíl iarmharach mheasctha agus boscaí bruscair difriúla do bhailiúchán deighilte na dramhaíola tirime inathchúrsailte agus na dramhaíola inbhithdhíghrádaithe (dramhaíl cistine agus gairdín). Déanfar prionsabal na muirear díreach bunaithe ar úsáid i.e. íoc de réir meáchain/úsáide, a ghearrann muirear ar an úsáideoir de réir mheáchan/toirt na dramhaíola a chruthaítear, a fheidhmiú go hiomlán ar fud an Chontae.

Is é an cuspóir beartaithe ná an líon líonta tí sa Chontae ag a mbíonn bailiúcháin deighilte a mhéadú. I gcoimpléascanna árasán agus i gceantair thógtha nach feidir an tríú bosca bruscair a bheith ann, féadfar scéimeanna múirínithe comhroinnte a chur i bhfeidhm. I gceantair thuaithe áirithe, beidh an córas 2 bhosca bruscair le múiríniú baile oiriúnach do chóras bailiúcháin deighilte.

15.5.4 Láithreáin Áiseanna Cathartha

Tá dhá ionad athchúrsála faoi láthair sa Chontae. Is é tosaíocht an Phlean seo ná ocht láithreán Áiseanna Cathartha a bheith ar fáil faoi 2008.

Seo a leanas an polasaí don Chontae maidir le hionaid athchúrsála:

- Caithfidh na huaireanta oscailte a bheith báúil don úsáideoir agus don phobal.
- Ba chóir go mbeadh an córas bailiúcháin ó cholbha an bhóthar ag cur leis na láithreáin áiseanna cathartha seachas a bheith in iomaíocht leo chun páirc imeartha chothrom a bheith ann do gach duine a bhíonn páirteach i mbainistiú dramhaíola.
- Ní fhéadfaidh údaráis áitiúla a bheith ag coinneáil orthu ag cur láithreáin áiseanna cathartha ar fáil saor in aisce. Chomh maith leis sin, ba chóir go smaoineodh an táirgeoir dramhaíola ar na costais chomhshaoil a bhaineann le dramhaíl a aisghabháil/chóireáil.
- Tá taifead sonraí bunriachtanach ag na saoráidí sin – an líon úsáideoirí in aghaidh an lae, an méid dramhaíola a fhágtar i ngach catagóir etc. – chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht.

15.5.5 Dramhaíl Tráchtála/ Thionsclaíoch

Caithfidh táirgeoirí dramhaíola tráchtála agus tionsclaíochta sruthanna dramhaíola a shainaitint a bheadh oiriúnach d'athúsáid mar amhábhair do thionscail eile. Tá feabhas curtha ar athchúrsáil dramhábhair ón earnáil tráchtála agus tionsclaíochta leis na rialacháin phacáistithe, ach caithfear leanúint de na rialacháin sin a fhorghníomhú.

Cuspóirí d'Athúsáid agus d'Athchúrsáil Dramhaíola:

- Tógáil & oibriú na Láithreacha Áiseanna Cathartha atá beartaithe sa Chontae a chinntiú laistigh de chreat ama an Phlean seo.
- An réimse ábhar a bhailítear ag na Láithreáin Áiseanna Cathartha a leathnú.
- Nósanna imeachta oibríochta agus tuairiscithe do na Láithreáin Áiseanna Cathartha agus do na Bainc Thabhartha a chaighdeánú.
- A chinntiú go ndéantar saoráidí athchúrsála a chothabháil go dóthanach.
- Amanna oscailte na Láithreán Áiseanna Cathartha a shocrú chun go bhfreastalóidh siad ar éilimh an tomhaltóra, go háirithe i rith na dtréimhsí saoire.
- Leanúint de na seirbhísí bailiúcháin ó cholbha an bhóthair a leathadh amach trí na bailitheoirí dramhaíola príobháideacha.
- Leanúint d'athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola cathrach do líonta tí a chur chun cinn.
- Leanúint d'athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn ag leibhéal tráchtála agus tionsclaíochta.
- Leanúint de ghrúpaí pobail/deonacha a spreagadh chun tabhairt faoi fheachtais chosc dramhaíola agus a bheith páirteach iontu.
- Oifigeach Feasachta Dramhaíola chun feachtais oideachais a chur i bhfeidhm.
- Leanúint d'fhorbairt ar Shaoráidí Áiseanna Cathrach agus ar Shaoráidí Bainc Thabhartha ar fud an Chontae.
- A chinntiú go mbíonn cothabháil agus seirbhísí don infrastruchtúr athchúrsála dóthanach chun freastal ar éilimh.
- A chinntiú go mbíonn Bainc Tabhartha coinnithe saor ó bhruscar.
- Cabhrú le feasacht a mhéadú maidir le deiseanna athúsáide agus athchúrsála san earnáil tionsclaíochta agus tráchtála chun na spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

Spriocanna d'Athúsáid agus d'Athchúrsáil Dramhaíola:

- Ocht Saoráid Áiseanna Cathartha ar a laghad a chur ar fáil laistigh den Chontae faoi 2008.
- An líon Banc Tabhartha a mhéadú go dtí 67.
- Boscaí bruscair do dhramhaíl inbhithdhígrádaiteh a thabhairt isteach i 2006 le clúdach 10% díobh sin ann le seirbhís bailiúcháin.
- Leathnú ar an tseirbhís bailiúcháin go dtí 40% de na líonta tí a mbíonn seirbhís bailiúcháin ag freastal orthu faoi 2010.
- Leathnú ar an mbailiúchán ar ábhair inathchúrsáilte tirim go dtí 100% de na líonta tí go léir a mbíonn seirbhís bailiúcháin ag freastal orthu.

15.6 CÓIREÁIL BHITHEOLAÍOCH

Tá 65% den dramhaíl chathrach go léir inbhithdhíghrádaiteh agus is páipéar, cairtchlár, bia agus dramhaíl gairdín na príomh-chomhchodanna de. Is príomhthiománaí é an Treoir Líonadh Talún 1999/31/CE den athrú i bhfeidhmiú na gcleachtas bhainistiú dramhaíola don dramhaíl chathrach agus leagann sé amach spriocanna d'athstiúradh na dramhaíola cathrach inbhithdhíghrádaithe ó líonadh talún. Tugann Tábla 1 chun suntais na spriocanna d'athstiúradh ó líonadh talún agus na dátaí feidhmithe. Tá na spriocanna bunaithe ar fhigiúirí dramhaíola EPA 1995. Léiríonn Tábla 15.2 an méid dramhaíola inbhithdhíghrádaiteh a ligtear chuid líonadh talún i gContae Dhún na nGall bunaithe ar mhaolú 4 bliana a bheith leithdháilte ar Phoblacht na hÉireann.

Tábla 15.2 Spriocanna don Treoir Líonadh Talún do Chontae Dhún na nGall.

1995	An Bunlíne do Chruthú BMW	25,805*	
Bliain	**Sprioc**	**Tonnaí BMW ceadaithe i líonadh talún**	**Maolú (maolú 4 bliana)**
2006	75%	19,354	2010
2009	50%	12,903	2013
2016	35%	9,032	2016/2020**

Nótaí: *Foinse: Tuarascáil NWD 1995, 1995 (Iomlán 39,700). Codán BMW (65%) tógtha ón Dréacht-Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe.
**An Sprioc athstiúrtha don tríú céim le hathbhreithniú maidir leis an maolú 4 bliana, An Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe.

Is féidir cóireáil bhitheolaíocht ar Dhramhaíl Chathrach Inbhithdhíghrádaithe (BMW) a dhéanamh go rathúil i dteannta leis na sruthanna dramhaíola eile, ar nós dramhaíl talmhaíochta, dramhaíl tionsclaíochta orgánacha, iarmhair iascaigh etc. Is féidir le comhchóireáil barraineachtaí an mhórscála a sholáthar agus infheistíocht a spreagadh i bhforbairt fearas aisghabhála nua-aimseartha.

Cuspóirí don Chóireáil Bhitheolaíoch:

- Tacú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an acmhainneacht chóireála bhitheolaíoch atá cheana ann agus ar acmhainneach nua den sórt sin laistigh den chontae tríd an earnáil phríobháideach agus saoráidí féideartha Aisghabhála Fuinnimh i réigiúin eile a aithint a bhféadfadh rochtain a bheith ag an gContae orthu.
- Tacú le forbairt na gcríochmhargaí don mhúirín.
- Leanúint de Shaoráidí Áiseanna Cathartha a ghlacfaidh le Dramhaíl Ghlas a fhorbairt ar fud an Chontae.
- Múiríniú baile a leathnú i gceantair tuaithe.

Spriocanna don Chóireáil Bhitheolaíoch:

- Ocht Saoráid Áiseanna Cathartha a sholáthar laistigh den Chontae faoi 2008. Glacfaidh gach saoráid le dramhaíl ghlas.
- A chinntiú go bhfuil acmhainn chóireála bitheolaíche dóthanach ar fáil sa Chontae faoi 2010.
- Boscaí bruscair do dhramhaíl inbhithdhígrádaiteh a thabhairt isteach i 2006 le clúdach 40%
- díobh sin ann le seirbhís bailiúcháin faoi dheireadh 2010.

15.7 SAORÁID AISGHABHÁLA ÁBHAR

Is éard is Saoráidí Aisghabhála Ábhar ann ná saoráidí ina ndéantar ábhair inathchúrsailte a shórtáil i gcatagóirí sainiúla agus ansin go ndéantar iad a phróiseáil, nó a aistriú chuig próiseálaithe le haghaidh athdhéantúis. I láthair na huaire tá Saoráid Aisghabhála Ábhar (MRF) amháin ag feidhmiú sa Chontae. Tá roinnt bailitheoirí dramhaíola ag úsáid MRF atá lasmuigh den Chontae faoi láthair. Rinneadh staidéar lena mheas an bhféadfadh Comhairle Chontae Dhún na nGall Saoráid Aisghabhála Ábhair (MRF) a bhunú. Mar sin féin, de bhrí nach raibh Comhairle Chontae Dhún na nGall i riocht dramhaíl a stiúradh go dtí an tsaoráid mar gheall go raibh na bailiúcháin ó cholbha an bhóthair á n-oibriú ag an earnáil phríobháideach, ní raibh cinntiú dóthanach tonnáiste i gComhairle Chontae Dhún na nGall chun saoráid den sórt sin a sholáthar.

15.8 ACMHAINNEACHT AISTRITHE DRAMHAÍOLA

Is éard is stáisiún aistrithe dramhaíola ann ná saoráid ina n-aistrítear dramhaíl sholadach, a bhailítear ó líonta tí, ó na bailitheoirí dramhaíola go dtí feithiclí iompair níos mó chun iad a iompar go dtí an láithrean cóireála diúscartha deiridh. Is é an príomhchuspóir atá le stáisiún aistrithe ná chun costais bhailiúchan dramhaíola agus diúscartha a laghdú tríd an líon turais feithiclí a bhíonn riachtanach chun dramhaíl a iompar ón líon tí go dtí an líonadh talún a íoslaghdú. Tá roinnt ionad beag aistrithe dramhaiola á bhfeidhmiú faoi láthair ag bailitheoirí dramhaíola príobháideacha sa Chontae.

Ba chóir don Údarás Áitiúil a fhiosrú an bhféadfar Stáisiún Aistrithe Dramhaíola a fhorbairt i nDún na nGall, lena bhféadfadh bailitheoirí dramhaíola ábhair inathchúrsáilte tirime a athstiúradh go dtí MRF seachas chuig líonadh talún. D'fhéadfadh forbairt sa réimse seo a chur ar chumas Dhún na nGall tabhairt faoi scéimeanna aisghabhála ábhar i dTuaisceart Éireann.

Cuspóirí don Acmhainneacht Aistrithe Dramhaíola:

- Tacú le hacmhainneacht aistrithe dramhaíola a sholáthar sa Chontae go háirithe i gcás ábhar inathchúrsáilte a bhailítear trí scéimeanna ó cholbha an bhóthair agus ag láithreáin áiseanna cathartha agus ag bainc thabhartha.
- Cinnteoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall go n-oibreofar gach forbairt aistrithe dramhaíola reatha, agus gach forbairt a dhéanfar amach anseo, de réir a gceadanna dramhaíola.

Spriocanna d'Aisghabháil Ábhair agus d'Aistriú Dramhaíola:

- Athbhreithneoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall an bhféadfar lárshaoráid aistrithe dramhaíola d'ábhair inathchúrsáilte a sholáthar.

15.9 CÓIREÁIL MHEICNIÚIL AGUS BHITHEOLAÍOCH (MBT)

Ní cóireáil aonair é Cóireáil Mheicniúil Bhitheolaíoch (MBT) ach is téarma ginearálta é a chuimsíonn roinnt próiseas, ag baint úsáide as meascáin de chóireáil mheicniúil agus bhitheolaíoch chun ábhair a aisghabháil. Baintear úsáid as an gcóireáil mheicniúil mar shlí chun an dramhaíl a ullmhú don chóireáil bhitheolaíoch. Ag an staid seo baintear amach an t-ábhar téagartha agus an t-ábhar inathchúrsáilte agus déantar an chuid eile den dramhaíl a aonchineálú agus má gá a dhéanamh tais. Baintear úsáid as cóireáil bhitheolaíoch ansin chun amhábhair a chobhsú, agus as sin an acmhainn inbhithdhíghrádaithe a laghdú agus táirge mianraithe a fháil trí na comhchodanna bithdhíghrádaithe nó orgánacha. Is é an príomhaschur ón bpróiseas MBT ná breosla díortha ó dhramhaíl (RDF) a d'fhéadfaí a úsáid mar bhreosla, agus ar an tslí sin ina aisghabháil fuinnimh ón dramhaíl.
Tá trí chúis mar sin le próisis MBT a úsáid:

1. Inbhithdhíghrádú na dramhaíola cathrach a laghdú agus ar an tslí sin cabhrú leis an gComhairle i gcomhlíonadh na spriocanna Treorach Líonadh Talún gearrtéarmacha agus luatha.
2. Aisghabháil ábhair ón sruth dramhaíola cathrach a mhéadú agus rátaí athchúrsála a mhéadú.
3. Breosla a tháirgeadh, a d'fhéadfaí a úsáid chun seirbhís a dhéanamh ar fhoinse bhreise fuinnimh.

Is é an baol mór atá le haon chóireáil ar ábhair dramhaíola iarmharaí ná an margadh do na haschuir, cibé i bhfoirm ábhar soladach nó mar fhuinneamh. Léiríonn treochtaí le deireanas go bhfuil srianta suntasacha ar na roghanna scaipeadh talún d'aschuir 'ar nós múirín' ó Chóireáil Mheicniúil Bhitheolaíoch ar dhramhaíl iarmharach mheasctha. Léiríonn a bheith ag brath air sin dá bhrí sin riosca suntasach.

Sprioc do MBT:

- Scrúdóidh Comhairle Chontae Dhún na nGall an gá atá le forbairt a dhéanamh ar shaoráidí cóireála MBT laistigh den Chontae.

15.10 AISGHABHÁIL FUINNIMH

Clúdaíonn fuinneamh ó roghanna dramhaíola raon leathan teicneolaíochtaí agus modhanna. Is próiseas é go bunúsach ina ndéantar fuinneamh atá i dtaisce sa dramhaíl a bhaint amach i bhfoirm breosla nó cumhacht leictreachais, a fhéadfar a úsáid ansin mar fhoinse cumhachta le haghaidh feidhmeanna éagsúla.

Cuspóir

- Ní shamhlaíonn Plean Bhainistiú Dramhaíola Chomhairle Chontae Dhún na nGall go gcuirfear aon roghanna aisghabhála fuinnimh ar fáil laistigh den Chontae ach smaoineodh siad úsáid a bhaint as saoráid den sórt sin lasmuigh den Chontae. Léirigh an Plean Bhainistiú Dramhaíola a glacadh le gairid do Ghrúpa Bainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt go bhfuil aisghabháil fuinnimh mar chuid den mheascán inmhianta teicneolaíochta.

Spriocanna

- Saoráidí féideartha aisghabhála fuinnimh i réigiúin eile a shainaithint a bhféadfadh an Contae rochtain a fháil orthu.

15.11 DIÚSCAIRT LÍONADH TALÚN

Chun treoir líonadh talún an AE a chomhlíonadh, ba chóir go mbeadh ról laghdaitheach ag an diúscairt chuig líonadh talún i mbainistiú dramhaíola sa Chontae. Mar sin féin, beidh gá i gcónaí le saoráidí líonadh talún, go háirithe sa ghearrtéarma go dtí go mbeidh na saoráidí athchúrsála agus aisghabhála ag oibriú go hiomlán. Tá 50% den dramhaíl tí le hathstiúradh amach ó líonadh talún agus tá laghdú 65% de déanamh ar an dramhaíl inbhithdhíthghrádaithe atá le cur chuig líonadh talún.

Sa phlean roimhe seo gheall Comhairle Chontae Dhún na nGall go bhforbrófaí 2-4 saoráid líonadh talún sa Chontae. I láthair na huaire ta láithreán líonadh talún amháin i mbun oibríochta ag Baile na Carraige. Tá an láthair athchóirithe go mór agus tá oibreacha innealtóireachta ar siúl ann faoi láthair chun an láthair a leathnú.

D'eisigh An Bord Pleanála cinneadh cead a dhiúltú don iarratas do Mhín na bPoll in Eanáir 2006. Tá forbairt ar líonadh talún nua faoi mar atá beartaithe ag Mín na bPoll ina mhír bhunúsach den phlean. Tá togra den sórt sin á bhreithniú tuilleadh agus á mheas le haird, inter alia, ar chuspóir polasaí atá ar shlí eile i bplean forbartha an chontae agus i gcomhthéacs forbartha cuí agus inbhuanaithe mar gheall ar thábhacht láithreáin den sórt sin do bhainistiú dramhaíola sa Chontae. Dheonaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceadúnas dramhaíola do láthair Mhín na bPoll. Tá an rogha maidir le tuilleadh forbartha líonadh talún i mBaile na Carraige á bhreithniú agus á mheas freisin.

Mar gheall ar laghdú ar thonnáistí chuig líonadh talún agus an leathnú ar athchúrsáil agus an gá atá le spriocanna athstiúrtha líonadh talún a chomhlíonadh, meastar anois nach bhfuil na heacnamaíochtaí a bhaineann le níos mó ná líonadh talún amháin a fhorbairt sa Chontae praiticiúil. Dá bhrí sin, tá sé molta anois go bhforbródh Comhairle Chontae Dhún na nGall aon líonadh talún

amháin don Chontae le hionchur bliantúil tuartha de 25,000 tonna. Caithfear tús a chur leis an obair thógála ar an acmhainn bhreise seo a fhorbairt i rith 2010 lena chinntiú go bhfanann an acmhainn líonadh talún sa Chontae tar éis an acmhainneacht atá ag Baile na Carraige a bheith líonta.

Cuspóirí do Dhiúscairt Líonadh Talún Nua

- Cuirfidh Comhairle Chontae Dhún na nGall acmhainneacht dhiúscartha líonadh talún dhóthanach ar fáil laistigh den Chontae faoi mar atá beartaithe ag Mín na bPoll.

Spriocanna do Dhiúscairt Líonadh Talún Nua

- Acmhainneacht líonadh talún a sholáthar ag láthair amháin sa Chontae chun déileáil leis an dramhaíl iarmharach agus ag cur spriocanna sainiúla sa Treoir Líonadh Talún maidir le BMW faoi 2010 san áireamh.

15.12 LÍONTA TALÚN DÚNTA

Ó rinneadh an Plean bunaidh tá dhá iarláithreán diúscartha dramhaíola sa Chontae athchóirithe agus léiríonn méid na mbeart feabhais atá curtha i bhfeidhm ag gach ceann de na láithreáin sin an gá atá le ceadúnas dramhaíola iomchuí.

D'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoir polasaí an 3ú Bealtaine 2005 faoi Alt 60 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna leasú) maidir le himscrúdú gach líonadh talún dúnta a raibh gníomhaíochtaí diúscartha nó aisghabhála ar bun iontu. Ag teacht ón treoir sin, beidh an EPA ag ullmhú Cód Cleachtais le measúnú a dhéanamh ar an mbaol a bhíonn ag láithreáin mar sin.

Cuspóirí do Dhiúscairt Líonadh Talún Dúnta

- Coimeád fardall cothrom le dáta ar láithreáin diúscartha dramhaíola sa Chontae agus tabhair achoimre ar stádas reatha gach láithreáin, bearta leighis sainiúla chun an baol thruailliú comhshaoil a laghdú.
- Cuimseoidh an fardall freisin ceanglais Alt 22(2)(c) den Acht um Bainistiú Dramhaíola (féach Roinn 15.13 thíos).
- Beidh gá le maoiniú breise chun go bhfeadfar an measúnú thuas, imscrúdú agus oibreacha leighis a dhéanamh.

Spriocanna do Dhiúscairt Líonadh Talún Dúnta

- Tabharfar liosta de na láithreáin diúscartha dramhaíola sa Chontae chun críche mar ábhar tosaíochta agus tabharfar imlíne ar na bearta leighis bunaithe ar mheasúnuithe riosca láithreánbhunaithe de réir Chód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil nuar a fhoilseofar an cód sin.

15.13 IAR-LÁITHREÁIN DIÚSCARTHA DO DRAMHAÍL GHUAISEACH

Tá ar Údaráis Áitiúla, faoi Phlean Náisiúnta do Bhainistiú Dramhaíola Guaisí na Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, a foilsíodh in 2001, '*Clár Alt 26'* a choinneáil de láithreáin ar eol, nó a mheastar, go bhfuil úsáid á bhaint astu do dhiúscairt dramhaíola guaisí.

Tá modheolaíocht mheasúnú riosca ullmhaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil san NHWMP maidir le Clár Alt 26 a thiomsú agus láithreáin a rangú. Chomh maith le hiarláithreáin dhiúscairt dramhaíola, ní mór cruthaitheoirí eile dramhaíola guaisí a d'fhéadfadh a bheith ann – m.sh. teanúis, láithreacha peitriliam agus oibreacha gáis – a bhreithniú.

Caithfear roinnt céimeanna a dhéanamh sa mhodheolaíocht mheasúnú riosca, lena n-áirítear staidéar deisce agus caithfear measúnuithe riosca idirmheánacha a dhéanamh arb é an toradh a bheidh orthu go dtabharfar ráta tosaíochta do láithreáin i gcomhair measúnú riosca mionsonraithe, a bheidh aitheanta le haghaidh measúnú riosca mionsonraithe.

.

Is é an staid reatha i gContae Dhún na nGall ná nach bhfuil aon Chlár Alt 26 déanta go dtí seo. Tabharfaidh an tionscadal Ceantar Abhantraí Thuaidh Theas a Chomhroinnnt eolas freisin a bheidh de dhíth chun seanláithreáin a leigheas.

Cuspóirí do Dhiúscairt Líonadh Talún Guaiseach a bhí tráth ann

- Cinnteoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall go gcomhlíonfar a n-oibleagáidí faoin bPlean Náisiúnta do Bhainistiú Dramhaíola Guaisí maidir le hiarláithreáin diúscartha dramhaiola guaisí sa Chontae.

Spriocanna do Dhiúscairt Líonadh Talún Guaiseach a bhí tráth ann

- Tabharfar Clár Alt 26 chun críche don Chontae mar cheist práinne agus tosófar ar an obair le súil agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh ó thaobh riachtanais Alt 26 le linn saolré an Phlean (Faoi 2010).

16 POLASAITHE SAINIÚLA DO DHRAMHAÍL TOSAÍOCHTA

Mheas Rún an AE amhail an 7ú Bealtaine, 1990 ar Pholasaí Bhainistiú Dramhaíola laistigh den Chomhphobal gur gá tús a chur le cláir chun déileáil le cineálacha áirithe dramhaíola. Sa bhliain 1991, chuir an Coimisiún Eorpach tús lena chlár ar Shruthanna Dramhaíola Tosaíochta. Bunaíodh grúpaí tionscadail chun réitigh a dhéanamh amach do roinnt sruthanna dramhaíola. Sainaithníodh sruthanna dramhaíola sainiúla mar shruthanna ar ghá aird speisialta a thabhairt orthu. Áirítear orthu sin boinn, feithiclí atá i ndeireadh a ré, dramhaíl tógála agus scartála, dramhthrealamh leictreach/leictreonach, drahaíl phacáistithe agus ceallraí. Leagann treoracha aonair spriocanna síos maidir le laghdú, athchúrsáil, aisghabháil agus díthocsainiú.

16.1 DRAMHAÍL GHUAISEACH

D'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an Plean Náisiúnta do Bhainistiú Dramhaíola Guaisí (NHWMP) i 2001. Tá an plean comhdhéanta de straitéisí chun cruthú dramhaíola guaisí a chosc, chun an éifeacht a bhíonn ag drmahaíl ghuaiseach ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus chun bainistiú cuí a dhéanamh ar dhramhaíl ghuaiseach nach féidir a chosc.

Áirítear ar oibleagáidí na nÚdarás Áitiúil faoin NHWMP:

- Córas bailiúcháin do tháirgeoirí dramhaíola guaisí ar scála beag a sholáthar.
- Clár (clár alt 26) de na láithreacha diúscartha dramhaíola stairiúla a shainaithint agus a thiomsú.
- Feachtais faisnéise & feasachta a sholáthar.

Déanfaidh an EPA athbhreithniú ar an NHWMP i 2006. Cuirfidh an t-athbhreithniú sin na ceanglais do Mheasúnú Comhshaoil Straitéiseach san áireamh.

Cuspóirí do Dhramhaíl Ghuaiseach:

- Feabhsaigh feasacht trí feachtais faisnéise agus feasachta a sholáthar.
- Saoráidí dóthanacha a sholáthar do bhainistiú dramhaíola guaisí tí.
- Feabhas ar leibhéal tuairiscithe agus ar bhailiú sonraí.

Spriocanna do Dhramhaíl Ghuaiseach

Cinnteoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall na nithe seo a leanas faoi 2010:

- Cinntiú go nglacfaidh gach saoráid áiseanna cathartha atá anois ann, agus cinn atá beartaithe, le raon leathan dramhaíola guaisí tí.
- Beidh sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Dhún na nGall leanúint de Sheirbhís Chemcar a sholáthar go dtí go mbeidh Láithreacha Áiseanna Cathartha tógtha.
- Clár alt 26 a thiomsú agus gníomh a ghlacadh maidir le leigheas ar láithreacha líonadh talún stairiúil.
- Bainistiú cuí ar Dhramhaíl Ghuaiseach faoi aon thionscnamh freagrachta an táirgeora eile, ar nós Treoir beartaithe an AE ar Cheallraí, a chinntiú.

16.2 FEITHICLÍ ATÁ I NDEIREADH A RÉ (ELVanna)

Tá sé mar aidhm ag Treoir 2000/53/CE ón AE ar Fheithiclí atá i nDeireadh a Ré baint ó chéile feithiclí agus athchúrsáil feithiclí a bheith níos báúla don chomhshaol trí spriocanna cainníochtaithe soiléire a leagan síos d'athúsáid, d'athchúrsáil agus d'aisghabháil feithiclí agus a gcomhpháirteanna. Cuireann sé an brú ar tháirgeoirí freisin feithiclí nua a dhéanamh agus a n-athchúrsáil ar intinn acu. Níl an treoir seo trasuite go hiomlán isteach i nDlí na hÉireann, mar sin féin, tá tagairt dó san Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003. Tá dréachtrialacháin foilsithe anois. Go bunúsach deir an treoir go gcaithfidh úinéirí ELVanna nach féidir a athchúrsáil, agus nach bhfuil aon luach margaidh acu, a bheith i dteideal na feithiclí a aistriú go dtí saoráid cóireála údaraithe saor in aisce. Cuireann an treoir dualgas bailithe agus aisghabhála na ELVanna ar an táirgeoir. Is é an táirgeoir a sheasfaidh an costas.

16.2.1 Cuspóirí agus Spriocanna faoin Treoir ELV

- Córas atá inbhrabúis go heacnamúil do bhailiú ELVanna a fhorbairt, arb iad na táirgeoirí a sheasfaidh an costas agus a bheidh i bhfeidhm go hiomlán faoi Iúil 2007.
- Tá úinéirí feithiclí atá i ndeireadh a ré nach féidir a athchúrsáil (agus nach bhfuil aon luach margaidh acu) i dteideal na feithiclí a aistriú go dtí saoráid cóireála údaraithe saor in aisce.
- Córas deimhnithe scriosa agus díchlárúcháin a thabhairt isteach.
- Athúsáid agus Aisghabháil na gcomhchodanna de na feithiclí i ndeireadh a ré chun íosmhéid de 85% a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2006 (íosmhéid de 75% d'fheithiclí a táirgeadh roimh 1980).
- Athúsáid agus athchúrsáil de réir meánmheáchain na feithicle chun íosmhéid de 80% a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2006 (íosmhéid de 70% d'fheithiclí a táirgeadh roimh 1980).
- Méadófar Athúsáid agus Aisghabháil go dtí íosmhéid de 95% faoin 1 Eanáir 2015.
- Méadófar Athúsáid agus Athchúrsáil go dtí íosmhéid de 85% faoin 1 Eanáir 2015.
- A chinntiú go ndéantar comórtas a shlánchoimeád, go háirithe maidir le rochtain ag fiontair bheaga agus mheánmheide ar an margadh bailithe, baint ó chéile, cóireála agus athchúrsála.

16.2.2 Ról na nÚdarás Áitiúil i ndéileáil le Feithiclí atá i nDeireadh a Ré

Tá roinnt impleachtaí ag Treoir an ELV ar Údaráis Áitiúla. De bhrí nach bhfuil an treoir trasuite go hiomlán i reactaíocht na hÉireann, áfach, níl oibleagáidí an údaráis áitiúil soiléir. Mar sin féin, tá na hoibleagáidí agus na spriocanna seo socraithe:

Cuspóirí d'Fheithiclí atá i nDeireadh a Ré

- A chinntiú go mbeidh na ceadanna bailithe riachtanacha ag bailitheoirí agus go gcloíonn siad leis na rialacháin.
- A chinntiú go dtugtar carranna tréigthe agus dóite amach a bhíonn bailithe ag an údarás áitiúil go dtí saoráid cheadaithe.
- Feasacht phoiblí a sholáthar maidir le bainistiú cuí ar dhiúscairt ELVanna.

Spriocanna d'Fheithiclí atá i nDeireadh a Ré

Déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi 2010

- Monatóireacht ar shaoráidí ceadaithe lena chinntiú go gcomhlíonann saoráidí stórais/cóireála, bailiú sonraí ar scagairí/stiallairí na rialacháin.
- Sonraí a bhailiú ó bhailitheoirí/scagairí/stiallairí agus a chinniú go gcoinnítear taifid chruinne.
- Feasacht phoiblí agus oideachas ar ELV a chur chun cinn.

16.3 DRAMH-THREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH

Is é aidhm na Treorach 2002/9/CE 2002/96/CE ón CE ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach ná feabhas a chur ar rátaí aisghabhála nithe dramhaíola/draimhe agus an méid den sruth dramhaíola seo atá ag dul chuig líonadh talún a laghdú. Faoi na rialacháin seo, caithfidh an t-údarás áitiúil bearta cuí a ghlacadh chun diúscairt WEEE mar dhramhaíl chathrach neamhshórtáilte a íoslaghdú agus chun leibhéal ard de bhailiú deighilte WEEE a bhaint amach.

16.3.1 Cuspóirí agus Spriocanna

Tá ról tábhachtach ag na hÚdaráis Áitiúl maidir le forghníomhú rialacháin WEEE. Áirítear ar na cuspóirí sin:

Cuspóirí do WEEE

- Clár miondíoltóirí a ghlacann WEEE a sholáthar agus a chothabháil.
- A chinntiú go ndéantar Láithreacha Áiseanna Cathartha a chothabháil agus a sheirbhísiú go hoiriúnach chun glacadh le WEEE.
- Feasacht ar Threoir WEEE a chur chun cinn.
- Na rialacháin a chur i bhfeidhm.

Spriocanna do WEEE

Déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi 2010:

- Ceanglas reachtaíocht WEEE maidir le saoráidí a sholáthar don WEEE a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbíonn na ceadanna bailithe is gá ag na bailitheoirí agus go gcloíonn siad leis na rialacháin.
- Ocht Láthair Áiseanna Cathartha a chur ar fáil faoi 2010. Cinnteoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall go nglacfaidh gach Láthair Áiseanna Cathartha le gach catagóir WEEE.
- Cláir oideachais agus feasachta i ndáil le WEEE a sholáthar.

16.4 SLODA

D'ullmhaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall plean bhainistiú sloda i 2000 chun déileáil le sloda neamhghuaiseach a chruthaítear sa Chontae. Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean sin agus tá cóip de san áireamh in Aguisín A. Is é aidhm an Phlean Bhainistiú Sloda ná an leas is fearr a bhaint as tairbhí na slodaí go léir trína gcáilíocht augs a gcainníocht a mheas chomh maith leis an timpeallacht fála. Tá aird aige sin ar nádúr agus cainníochtaí na slodaí atá ar fáil ó na foinsí go léir, na roghanna bailiúcháin, cóireála agus diúscartha, lena n-áirítear costais. Aithníonn sé an luach nádúrtha atá ag sloda ó thaobh a chuid cothaitheach de agus na tréithe feabhsú ithreach atá aige, fad go mbíonn úsáid an tsloda rialaithe.

Rinneadh an Plean bunaithe ar fhormáid na dtreoirdhoiciméad a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. I measc treoir tosaigh na Roinne Comhshaoil, bhí:

- Tuarascáil ag scrúdú cleachtas agus treochtaí idirnáisiúnta maidir le Bithsholaid a scaipeadh ar an talamh.
- Cód Dea-Chleachtais ar Úsáid Bithsholad sa Talmhaíocht.
- Treoirdhoiciméad, tarraingthe suas chun cabhrú le húdaráis áitiúla ó thaobh Pleananna Bhainistiú Sloda a ullmhú.

Moladh na nithe seo a leanas sa Phlean Bhainistiú Sloda 2000 chun déileáil le slodaí cóireála fuíolluisce agus tá siad sin fós ann i bPlean athbhreithnithe 2006:

- Athúsáid tairbhiúil sloda i ngairneoireacht/talmhaíocht.
- Príomhionaid Cóireála Sloda a bhunú lena n-áirítear triomairí teirmeacha ag Leitir Ceanainn agus Baile Dhún na nGall.
- Saoráidí tiúchana sloda a bhunú, nó saoráidí tiúchana sloda agus dí-uiscithe ag moil/satailítí ar fud an Chontae.

Déanfar na polasaithe sloda fuíolluisce atá sa Phlean a fhorbairt chun cóireáil atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt chomh maith le hathúsáid /diúscairt sloda séarachais.

Moladh na nithe seo a leanas sa Phlean Bhainistiú Sloda 2000 maidir le sloda a eascraíonn as cóireáil fuíolluisce d'úsáid cathartha:

- Sloda uisce a thiúchan lena dhiúscairt ina dhiaidh sin chuig líonadh talún.

Tá an polasaí sloda uisce cathrach atá i bPlean 2000 forbartha anois le Plean 2006 chun ionaid, moil agus stailítí cóireála sloda uisce a shainaithint ar fud an Chontae agus chun sloda uisce a chóireáil agus a dhiúscairt ar shlí atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de.

16.5 DRAMH-BHOINN

Tá toirmeasc curtha ar Treoir Líonadh Talún an AE ar dhramh-bhoinn a dhiúscairt ó 2003. Faoi láthair tá DoEHLG ag déanamh idirbheartaíochta le Cumann Tionscal Bonn na hÉireann maidir le scéim a thabhairt isteach a chinnteodh go ndéanfaí bainistiú ceart ar bhoinn faoi thionscnamh um fhreagracht ar tháirgeoirí.

16.5.1 Cuspóirí agus Spriocanna

Cuspóirí do Dhramh-Bhoinn

- A chinntiú go ndéantar diúscairt mhídhleathach ar bhoinn a íoslaghdú.
- An ráta aisghabhála agus athchúrsála a mhéadú.
- A chinntiú go ndéantar dramh-bhoinn a bhailiú agus a athchúrsáil trí scéim aitheanta.

Spriocanna do Dhramh-Bhoinn

Déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi 2010:

- An scéim a chur i bhfeidhm chun bainistiú ceart ar bhoinn a chinntiú faoi thionscnamh ina mbíonn an fhreagracht ar an táirgeoir, atá á chomhaontú faoi láthair.

16.6 DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

Tá roinnt doiciméad polasaí rialtais agus tionscnaimh faoi cheannas an tionscail forbartha chun déileáil le dramhaíl C&D. Is iad na spriocanna don dhramhaíl C&D ná 50% faoi 2003 agus 85% faoi 2013 mar atá luaite sa doiciméad polasaí náisiúnta "Changing Our Ways". Deir an doiciméad sin freisin gur féidir lear suntasach de dhramhaíl C&D a athstiúradh ó líonadh talún sa ghearrtéarma.

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Dhramhaíola Tógála agus Scartála i 2002 chun cuspóirí dhoiciméad polasaí 1998, "Changing our Ways", a bhaint amach. Sa bhliain 2004, sheol siad Tionscnamh Deonach an Tionscail Tógála chun gach eagraíocht a bhfuil ionadaíocht acu ar an NCDWC a fháil páirteach i dtiomantas a léiriú i leith gníomhartha comhaontaithe a fhéachann leis an Dramhaíl C&D a íoslaghdú agus athchúrsáil Dramhaíola C&D a chur chun cinn agus a luathú.

Forbraíodh sraith dréacht-treoirlínte sár-chleachtais i 2004 (NCDWC, DEHLG) maidir le pleanann bhainistiú dramhaíola a ullmhú do thionscadail C&D, tá na treoirlínte sin leasaithe ó shin. Tá na treoirlínte spriocdhírithe ar aicmí áirithe tionscadal a théann os cionn na dteorainneacha tairsí sainiúla. Áirítear ar na tionscadail sin:

- Forbairt chónaitheach nua de 10 dteach nó níos mó
- Forbairtí nua eile seachas (1), lena n-áirítear saoráidí institiúideacha, oideachais, sláinte agus saoráidí poiblí eile, le hachar urláir comhiomlán os cionn 1,250 m^2.
- Tionscadail scartála/athnuachana/athchóirithe a chruthaíonn os cionn 100m^3 toirt de dhramhaíl C&D
- Tionscadail innealtóireachta sibhialta os cionn 500m^3 dramhaíola, gan ábhair a bhíonn in úsáid le haghaidh oibreacha forbartha ar an láthair san áireamh.

Beidh ról tábhachtach ag an Údarás Áitiúil ó thaobh measúnú, monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar fhearais dramhaíola C&D. Leanfaidh rialáil na gceadanna dramhaíola de bheith ina fheidhm thábhachtach de chuid an údaráis áitiúil san earnáil tógála agus do dhiúscairt ithreach ar thalamh talmhaíochta.

Cuspóirí do Dhramhaíl C&D

- Tionscnaimh freagrachta an úsáideora a chur chun cinn.
- Measúnuithe a dhéanamh ar Phleananna Dramhaíola C&D agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí láithreán nuair a bhíonn acmhainní ar fáil.
- Rialáil ar bhailiú agus ar bhainistiú dhramhaíl C&D chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach (ag baint úsáide as Ceadanna Bailiúcháin mar uirlisí). Agus más rud é go measfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall i rith saolré an phlean go mbeidh gá leo, Fodhlíthe a thabhairt isteach.
- Measúnú, monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar bhailitheoirí agus ar láithreacha diúscartha C&D tríd an bpróseas ceadaithe.
- Measúnú ar úsáid na dramhaíola athchúrsáilte C&D i dtionscadail na Comhairle nuair is féidir.

Spriocanna do Dhramhaíl C&D

Déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi 2010:

- An scéim a chur i bhfeidhm chun bainistiú ceart ar Dhramhaíl Tógála agus Scartála a chinntiú faoi thionscnamh ina mbíonn an fhreagracht ar an táirgeoir.
- Feabhas a chur ar thaifeadadh dramhaíola a nglactar leis ag saoráidí ceadaithe agus feabhas a chur ar bhailiúchán sonraí dramhaíola sa Chontae.
- Forbairt saoráidí dramhaíola C&D ag an earnáil phríobháideach a chur chun cinn agus a spreagadh.
- Leanúint de shocruithe a dhéanamh do shruthanna sainiúla dramhaíola ó ghníomhaíochtaí DIY (atá san áireamh cheana i raon ábhar a ghlactar ag láithreáin CA).

17 ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS AR BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA DON CHONTAE

17.1 RÉAMHRÁ

Ionas go ndéanfaidh an Chomhairle an soláthar is gá le haghaidh infrastruchtúir agus seirbhísí, tugann an méid dramhaíola a chaithfear a bhailiú, a athchúrsáil, a dhiúscairt nó a chóireáil ar shlí eile mír chriticiúil do chuspóirí pleanála, ó thaobh na gcostas de agus freisin ó thaobh scála agus cineál na saoráidí agus na seirbhísí a chaithfidh siad a sholáthar. Tá an tionchar ag raon fáis dramhaíola a nglactar leo don dramhaíl tí léirithe i bhFíor 17.1 agus taispeánann sé difríocht shuntasach i gcruthú dramhaíola tí in imeacht ré an Phlean athsholáthair.

Fíor 17.1 Fás ar Dhramhaíl Tí



Chun críocha an athbhreithnithe airgeadais seo glacadh le fás dramhaíola de 1.5% sna háirimh go léir.

Tá na sonraí airgeadais ar ghníomhaíochtaí bhainistiú dramhaíola sa Chontae tógtha as buiséid airgeadais na gComhairlí Contae do 2006 agus as an gcaiteachas caipitil tuartha d'fhorbairt infrastruchtúir.

17.2 MUIRIR IASACHTA BHUNAIDH

Tá tiomantais reatha ag Comhairle Chontae Dhún na nGall i ndáil le hiasachtaí do chaiteachas caipitil ar bhainistiú dramhaíola ar ionann é agus muirear iasachta bliantúil de €741,450. Téann an tréimhse aisíoctha dó sin thar shaolré an Phlean Athsholáthair. Tá na hiasachtaí sin tarraingthe ó na tionscadail chaipitil seo a leanas:

- Ceanglais Cheadúnas Bhaile na Carraige
- Céim I den Síneadh ar Bhaile na Carraige
- Obair Leighis Mhucaise agus Ghleann Eala
- Pleananna Athchóirithe **Drumabodan, Churchtown agus Balbane.**
- Iarratais Reachtúla Mhín na bPoll agus Imscrúdú Láithreáin
- Pleanáil do Láithreáin Áiseanna Cathartha
- Láithreán Áiseanna Cathartha Shrath an Urláir a Thógáil

I dtógáil na samhlach airgeadais tá an costas a bhaineann leis na haisíocaíochtaí iasachta reatha curtha san áireamh sa chaiteachas ar bhainistiú dramhaíola a bhfuil mionsonraí thíos air. Tá achoimre thíos ar an miondealú céatadáin de chostais an iasachta seo.

Oibreacha Forbartha Líonadh Talún	60.6%
Oibreacha Leighis Líonadh Talún	35.4%
Láithreán Áiseanna Cathartha	3.6%

17.3 MIONDEALÚ AR CHAITEACHAS

Tá an caiteachas ag Comhairle Chontae Dhún na nGall do bhainistiú dramhaíola briste síos in oibríocht agus caipiteal. Baineann an mhír oibríochta leis an gcostas reachtála bliantúil a bhaineann le hoibriú saoráide nó seirbhíse. Baineann an caiteachas caipitil leis an gcostas a bhaineann le saoráid nó seirbhís a bhunú m.sh. cealla líonadh talún innealtóirithe, tógáil láithreáin áiseanna cathartha etc.

Tá an miondealú ar chostais roinnte sna grúpaí gníomhaíochta seo a leanas:

Láithreáin Áiseanna Cathartha – Cuirtear an caipiteal do sholáthar an infrastruchtúir agus na costais oibríochta chun na saoráidí a rith ó lá go lá san áireamh sa chaiteachas. Tá an caiteachas caipitil tugtha mar dheontas i gcabhair ag an Roinn le 75% den chostas iomlán agus an chuid eile á mhaoiniú le hiasacht fadtéarmach. Tá 2 láithreán faoi lathair ag Srath an Urláir agus ag Carn Domhnach. Tá cead pleanála ag Comhairle Chontae Dhún na nGall do láithreáin ag an Lathaigh agus ag Leitir Ceanainn atá le tógáil i rith 2006 agus tá maoiniú deonaithe do láithreáin eile ag Baile na nGallóglach agus ag an gClochán Liath. Tá láithreáin beartaithe freisin do Bhun Cranncha agus suíomh i nDún na nGall Thiar Theas.

Diúscairt Dramhaíola/Líonadh Talún – Áirítear sa chaiteachas ar líonadh talún an taobh oibríochtúil ag Baile na Carraige agus láithreáin dúnta a bhfuil Ceadúnas Dramhaíola EPA acu.

Bunaithe ar na tonnáistí dramhaíola tuartha a bheidh le cur chuig líonadh talún, beidh acmhainneacht iomlán an t-aon líonadh talún atá i mbun oibre i nDún na nGall ag Baile na Carraige bainte amach i

dtús 2011. Tá oibreacha caipitil suntasacha déanta cheana ag an láthair agus tá an costas dó sin maoinithe ag iasachtaí mar a bhfuil tagairt dóibh i roinn 17.2 thuas. Beidh Céim 2 den obair leathnaithe agus leighis san áireamh in obair chaipitil a dhéanfar ag an láthair amach anseo.

Chomh maith leis an láthair oibríochta i mBaile na Carraige, beidh 5 líonadh talún dúnta le ceadúnais dramhaíola acu ag Comhairle Chontae Dhún na nGall. Is iad na láithreacha sin ná An Mhucais, Gleann Eala, Drumabodan, Churchtown agus Balbane. Tugadh an obair leighis ar láithreacha na Mucaise agus Ghleann Eala chun críche i rith 2005. Tá clár leighis de dhíth do na láithreacha eile de réir choinníollacha an Cheadúnais Dramhaíola.

Athchúrsáil – Áirítear leis seo caiteachas le haghaidh oibriú agus cothabháil na mbanc tabhartha, feachtais séasúracha agus na tuarastail a ghabhann leo.

Oideachas agus Feasacht – Áirítear leis an ngníomhaíocht seo na caiteachais a bhaineann le gníomhaíochtaí feasachta comhshaoil, feachtais ghlasa, foirne feasachta comhshaoil agus tionscnaimh oideachais agus chur chun cinn gaolmhara.

Riarachán agus Ilghnéitheach – Áirítear leis seo rialú bruscair, feachtais ghlantacháin, tuarastail eile, muirir don bhainistíocht láir agus speansais eile.

Tá an caiteachas i 2006 ar Bhainistiú Dramhaíola ag Comhairle Chontae Dhún na nGall, idir oibríochtúil agus chaipitil léirithe i dTábla 17.1. Tá na figiúirí airgeadais briste síos sna ngrúpaí gníomhaíochta dá dtagraítear thuas dóibh.

Tábla 17.1 Caiteachas Bhainistiú Dramhaíola 2006

Tuairisc	2006		Iomlán	Céatadán na gCostas
	Oibríochtaí	Caipiteal		
Láithreáin Áiseanna Cathartha	[1]€ 389,192	€ 2,397,040	€ 2,786,232	25.4%
Diúscairt Dramhaíola/Líonadh Talún	[1]€ 2,118,758	€ 4,249,675	€ 6,368,433	58.0%
Athchúrsáil	€ 555,000	€ -	€ 555,000	5.1%
Oideachas agus Feasacht	€ 187,500	€ -	€ 187,500	1.7%
Riarachán agus Ilghnéitheach	€ 1,079,265	€ -	€ 1,079,265	9.8%
IOMLÁN	**€ 4,329,715**	**€ 6,646,715**	**€ 10,976,430**	**100%**

Nótaí 1 – Íocaíochtaí ar iasachtaí reatha de €741,450 san áireamh

Léirítear é sin tuilleadh i bhFíor 17.2 thíos.

Fíor 17.2 Miondealú ar Chaiteachas Iomlán Bhainistiú Dramhaíola 2006



Meastar go raibh an caiteachas a bhí ag gabháil le caiteachas oibríochta agus caipitil an líonadh talún ar an mír aonair is mó den chaiteachas le linn 2006, ag seasamh do 58.0% den chaiteachas bhainistiú dramhaíola. Seasann an caiteachas atá ag gabháil le láithreáin áiseanna cathartha do 25.4% den chaiteachas iomlán agus áirítear leis sin mír chaiteachais chaipitil na bhforbairtí ar láithreáin áiseanna cathartha, a fhaigheann cabhair deontais 75%.

17.4 MIONDEALÚ AR IONCAM

Tá miondealú ar an ioncam do 2006 taispeánta i dTábla 17.2 thíos. Tá na grúpálacha gníomhaíochta céanna a bhí in úsáid don mhiondealú ar chaiteachas úsáidte freisin sa miondealú ioncaim.

Tábla 17.2 Ioncam Bhainistiú Dramhaíola 2006

Tuairisc	2006			Céatadán na gCostas
	Oibríochtaí	Caipiteal (Deontais & Iasachtaí)	Iomlán	
Láithreáin Áiseanna Cathartha	[1]€ 96,250	€ 2,397,040	€ 2,493,290	24.3%
Diúscairt Dramhaíola/Líonadh Talún	[2]€ 3,430,000	[3]€ 4,249,675	€ 7,679,675	74.8%
Athchúrsáil	€ 60,000	€ -	€ 60,000	0.6%
Oideachas agus Feasacht	€ 21,500	€ -	€ 21,500	0.2%
Riarachán & Ilghnéitheach	€ 11,500	€ -	€ 11,500	0.1%
IOMLÁN	**€ 3,619,250**	**€ 6,646,715**	**€ 10,265,965**	**100%**

Nótaí láthair.
1 – Baineann ioncam oibríochta le muirir gheata ag láithreáin Áiseanna Cathartha, €5 ar charr agus €15 ar vean/carr & leantóir faoi
2 – Baineann Ionam Oibríochta ag Líonadh Talún leis an muirear geata ag Baile na Carraige, €137.50 an tonna faoi láthair. Tá an figiúr sin athbhreithnithe ó Bhuiséad 2006 mar gheall ar thitim sa méid dramhaíola ag Baile na Carraige sa chéad 3 mhí den bhliain.
3 – Baineann Ioncam Caipitil ó Líonadh Talún le cabhair deontais atá le soláthar do leigheas ar líonadh talún stairiúil agus le hiasachtaí caipitil.

Léirítear é sin tuilleadh i bhFíor 17.3 thíos.

Figure 17.3 Miondealú ar Ioncam Iomlán Bhainistiú Dramhaíola 2006



Faoi láthair, is ionann an ioncam ó ghníomhaíochtaí líonadh talún agus 74.8% den insreabhadh dramhaíola iomlán. Seo treocht a bhíonn comhsheasmhach bliain i ndiaidh bliana a léiríonn an t-ardleibhéal spleáchais ar an bhfoinse ioncaim sin do Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Tá sé deacair insreabhadh/eis-sreabhadh dramhaíola inchomparáide a thuar de bharr rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i mbainistiú dramhaíola, ach meastar d'fhonn teilgin airgeadais a dhéanamh níos déanaí sa chaibidil seo go leanfaidh na leibhéil reatha d'iontógail líonadh talún go dtí 2010, tráth a mbeidh gá le teicneolaíochtaí malartacha.

Soláthraíonn an t-ioncam ó ghníomhaíochtaí eile cion imeallach den sruth ioncaim. Soláthraítear cuid den ioncam sin trí dheontais ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil. I ndáil leis na láithreáin áiseanna cathartha, mar a léirítear i dTáblaí 17.1 agus 17.2 thuas, fiú amháin le tabhairt isteach na muirír ag na láithreáin sin go bhfuil easnamh de €292,942 ann do 2006, figiúir nach gcuireann aisíoc na hiasachta don 25% de na costais chaipitil a íocann Comhairle Chontae Dhún na nGall san áireamh.

17.5 CAITEACHAS TEILGTHE DO THRÉIMHSE AN PHLEAN

17.5.1 Cur Chuige agus Modheolaíocht

Tá na teilgin maidir le caiteachas sa todhchaí measta trí:

- An bhunlíne de shonraí dramhaíola 2004 a bhunú le húsáid mar phointe tosaigh,
- Féachaint ar ghnéithe athraitheacha na gcaiteachas sin a bhíonn ag brath ar fhachtóirí ar nós níos mó gníomhaíochta méadú ar dhramhaíl, athstiúradh ó líonadh talún chomh maith le soláthar do chaiteachas caipitil thar thréimhse an Phlean;
- Luachanna airgeadaíochta a mheas ó thaobh na ngníomhartha molta sa Tráthchlár Phlean Gníomhaíochta Feidhmithe, agus

- Iad sin a chur san áireamh sa sruth caiteachais teilgthe.

Cuirtear caiteachas sa todhchaí i láthair agus déantar iad a achoimriú ag leibhéil phraghais 2006; níor chuireamar boilsciú san áireamh.
Tá achoimre ar boinn tuisceana ar glacadh leo agus an tsamhail airgeadais á chur le chéile tugtha i dTábla 17.3 thíos.

Tábla 17.3 Boinn Tuisceana

MÍR	BOINN TUISCEANA
Múiríniú Baile	Ardú bliantúil de 10% sa líon múiríneoirí baile a scaiptear
Láithreáin Áiseanna Cathartha	Láithreáin Áiseanna Cathartha a bhfuil cead pleanála agus Cabhair Deontais tugtha dóibh (i.e. An Lathaigh, Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach agus An Clochán Liath) a thógáil agus maoiniú le cur ar fáil do láithreacha breise ag Bun Crannca agus Dún na nGall Thiar Theas.
Ionaid Tabhartha	2 bhanc tabhartha eile curtha leis an líon atá sa Chontae gach bliain nó go mbainfear uasmhéid de 67 amach
MDR ó cholbha an bhóthair	Leathadh amach de chlúdach 100% ar cheantair ina mbíonn seirbhís bailithe
Dramhaíl Orgánach ó cholbha an bhóthair	Leathadh amach de chlúdach 40% ar cheantair ina mbíonn seirbhís bailithe
Líonadh Talún	Fanann Baile na Carraige oscailte go dtí 2011 – le 1 líonadh talún á fhorbairt don Chontae
Saoráidí Aistrithe Dramhaíola	Arna sholáthar ag an Earnáil Phríobháideach
Fás ar Dhramhaíl a Mheastar	1.5%
Rátaí Líonta ag Líonadh Talún	Leantar le líonadh talún ag na treochtaí den sórt céanna atá ann faoi láthair
Muirir do Líonadh Talún	Leantar ag an ráta reatha i.e. €137.50/tonna leis an Tobhach Líonadh Talún san áireamh
Figiúirí Oibríochtúla	Bunaithe ar fhigiúirí ó Bhuiséad 2006
Costais Oibríochtaí Líonadh Talún	Glactar leis go leanfaidh na costais obríochtaí líonadh talún ag na leibhéil chaiteachais reatha
Costas Caipitil	An costas a bhaineann le cealla líonadh talún a fhorbairt le scaipeadh thar shaolré na cille. Costas d'obair leighis na líonta talún oibríochtúla le híoc i mbliain na n-oibreacha tógála. Costas d'obair leighis ar líonta talún stairiúla le maoiniú in imeacht tréimhse 15 bliana le maoiniú ón Roinn. Costais forbartha Láithreáin Áiseanna Cathartha le híoc le hiasacht tréimhse 20 bliain.
Ráta Úis	2.75%
Boilsciú	Níl boilsciú ar chaiteachas oibríochtúil agus caipitil curtha san áireamh

17.5.2 Samhail Airgeadais agus Sainmhíniú ar an Scéal sa Todhchaí

Rinneadh anailís ar na himpleachtaí teilgthe maidir le caiteachas ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ag teacht as an bPlean Bhainistiú Dramhaíola atá molta bunaithe ar staid lárnach, go mbeidh infrastruchtúr sa todhchaí, agus le tuiscint as sin, na costais oibríochta agus ioncaim chuí, curtha ar fáil mar atá léirithe sa Tábla thíos:

Tábla 17.4 Soláthar Infrastruchtúir

INFRASTRUCHTÚR	ARNA SHOLÁTHAR AG
Bainc Thabhartha	Comhairle Chontae Dhún na nGall
Ionaid Athchúrsála	Comhairle Chontae Dhún na nGall
Cóireáil Bhitheolaíoch	An Earnáil Phríobháideach
Saoráid Aisghabhála Ábhar	An Earnáil Phríobháideach
Aisghabhail MBT/Fuinnimh	An Earnáil Phríobháideach (Réigiún Pleanála Dramhaíola in aice láimhe)
Líonadh Talún Cathrach	Comhairle Chontae Dhún na nGall
Athchúrsáil ar Dhramhaíl Tógála/Scartála	An Earnáil Phríobháideach

17.5.3 Caiteachas agus Ioncam Tuartha don Todhchaí

Tugtar an caiteachas agus ioncam teilgthe sa Chontae le linn shaolré an Phlean atá molta i dTábla 17.5 thíos. Meastar gurb é an treallús lárnach den ioncam amach anseo ná táillí geata ag líonadh talún.

Tábla 17.5 Caiteachas agus Ioncam Tuartha do Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2006 - 2010

Tuairisc	2006	2007	2008	2009	2010
CAITEACHAS					
Láithreáin Áiseanna Cathartha	€ 2,786,232	€ 2,683,990	€ 2,649,996	€ 1,180,120	€ 1,180,120
Diúscairt Dramhaíola/Líonadh Talún	€ 6,368,433	€ 7,314,854	€ 2,916,483	€ 2,916,483	€ 5,916,483
- Oibríochtaí Líonadh Talún	*€ 2,118,758*	*€ 2,118,758*	*€ 2,118,758*	*€ 2,118,758*	*€ 2,118,758*
- Forbairt Líonadh Talún	*€ 3,059,472*	*€ 990,318*	*€ 663,288*	*€ 663,288*	*€ 663,288*
- Obair Leighis Líonadh Talún	*€ 1,190,203*	*€ 4,205,777*	*€ 134,437*	*€ 134,437*	*€ 134,437*
Athchúrsáil	€ 555,000	€ 555,000	€ 555,000	€ 555,000	€ 555,000
Oideachas agus Feasacht	€ 187,500	€ 187,500	€ 187,500	€ 187,500	€ 187,500
Riarachán agus Ilghnéitheach	€ 1,079,265	€ 1,129,265	€ 1,129,265	€ 1,079,265	€ 1,079,265
IOMLÁN	**€ 10,976,430**	**€ 11,870,609**	**€ 7,438,244**	**€ 5,918,368**	**€ 8,918,368**
IONCAM					
Láithreáin Áiseanna Cathartha (Deontais agus Táillí Geata Láithreáin)	€ 2,493,290	€ 2,207,944	€ 2,015,573	€ 315,000	€ 315,000
Diúscairt Dramhaíola/ Líonadh Talún (Táillí Geata ag Líonadh Talún)	€ 7,679,675	€ 7,600,123	€ 3,449,774	€ 3,422,114	€ 5,929,002
- Oibríochtaí Líonadh Talún	*€ 3,430,000*	*€ 3,443,298*	*€ 3,449,774*	*€ 3,422,114*	*€ 2,929,002*
- Forbairt Líonadh Talún	*€ 3,059,472*	*€ -*	*€ -*	*€ -*	*€ 3,000,000*
- Obair Leighis Líonadh Talún	*€ 1,190,203*	*€ 4,156,825*	*€ -*	*€ -*	*€ -*
Deontas Athchúrsála	€ 60,000	€ 60,000	€ 60,000	€ 60,000	€ 60,000
Oideachas agus Feasacht (Díolacháin Múiríneoirí agus Deontais)	€ 21,500	€ 21,500	€ 21,500	€ 21,500	€ 21,500
Riarachán agus Ilghnéitheach (Deontas Bruscair)	€ 11,500	€ 11,500	€ 11,500	€ 11,500	€ 11,500
IOMLÁN	**€ 10,265,965**	**€ 9,901,066**	**€ 5,558,346**	**€ 3,830,114**	**€ 6,337,002**
Barrachas/Easnamh	**-€ 710,465**	**-€ 1,969,543**	**-€ 1,879,898**	**-€ 2,088,255**	**-€ 2,581,366**

EASNAMH IOMLÁN 2006 - 2010 **-€ 9,229,526**

17.6 CONCLÚIDÍ

Is é an éifeacht atá leis na nithe ar glacadh leo agus atá leagtha amach thuas ná go laghdóidh an t-ioncam a mheastar a thiocfaidh ó líonadh talún beagán as seo go dtí 2010. I rith 2010, is é an toradh a bheidh ar an ngá le dramhaíl a athstiúradh ó líonadh talún chun cloí le Spriocanna na Treorach Líonadh Talún ná go mbeidh laghdú ar an dramhaíl a bheidh ag dul chuig Líonadh Talún sa chontae. Meastar tríd is tríd go mbeidh brúnna ar tháillí geata líonadh talún agus go mbeidh deiseanna teoranta ann costais bhreise a aisghabháil ón oibríocht sin.

Ar an iomlán, meastar gur thart ar €710,000 a bheidh san easnamh do 2006, ar ionann sin agus ardú d'os cionn €2.5 milliún faoi 2010. Meatar gur thart ar €9.2 milliún é an bhearna maoinithe do Chomhairle Chontae Dhún na nGall in imeacht shaolré an Phlean. Beidh acmhainneacht nua líonadh talún de dhíth sa Chontae faoi 2011 bunaithe ar na nithe a nglactar leo thuas. Da bhrí sin, caithfear tús a chur le hobair forbartha ar an acmhainneacht sin i rith 2010. Níl muirir iasachta le haghaidh na gcostas forbartha a bheidh ag gabháil leis an bhforbairt sin curtha san áireamh sa tsamhail mar gur glacadh leis nach dtosódh aisíocaíochtaí ar an iasacht chaipitil go dtí le linn na bliana 2011.

17.7 IAR-LÁITHREÁIN DIÚSCARTHA DO DRAMHAÍL GHUAISEACH

Níl aon fhoráil déanta go fóill maidir le hoibreacha leighis a d'fhéadfadh a bheith ann ar líonta talún dúnta, (mar a éilítear faoi Alt 22 (7) (h) agus Alt 26 (2) (c) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, agus sa treoir pholasaí a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an 3ú Bealtaine 2005 faoi Alt 60 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996), mar nach ndearnadh aon mheasúnú ar chostais nó ar oibreacha leighis riachtanacha, más ann, go fóill.

18 RÓLANNA AGUS FREAGRACHTAÍ

18.1 RÉAMHRÁ

Bíonn ról ag na geallsealbhóirí go léir maidir leis an bplean bhainistiú dramhaíola a chur i bhfeidhm, maidir le cé chomh maith is a éireoidh leis an bplean agus maidir le cloí lena ndualgas agus lena n-oibleagáidí. Áirítear ar na geallsealbhóirí:

- Geallsealbhóirí Poiblí
- Institiúidí oideachais
- Grúpaí Deonacha agus Grúpaí Pobail
- Gnó agus Tionscal
- An Tionscal Dramhaíola Príobháideach
- An tÚdarás Áitiúil
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

18.2 AN POBAL i gCOITINNE

Agus an pobal i gcoitinne ina dtáirgeoirí dramhaíola, tá siad faoi oibleagáid dramhaíl a láimhseáil ar shlí atá freagrach agus gan drochthionchar a bheith acu ar an gcomhshaol. Braitheann chomh maith is a éireoidh leis an bplean go mór ar chumas an phobail glacadh le moltaí agus le modhanna an phlean. Beidh tabhacht faoi leith leis sin i dtéarmaí clár athchúrsála agus scéimeanna bailiúcháin. Áirítear ar na príomhrólanna:

- Cosc agus íoslaghdú dramhaíola sa bhaile.
- Dramhaíl a dheighilt le haghaidh bailiúcháin.
- Seirbhísí bailithe dramhaíola agus ionaid athchúrsála i.e. Bainc Thabhartha agus Láithreáin Áiseanna Cathartha a úsáid go hiomlán.
- A bheith rannpháirteach i scéimeanna múirínithe baile.
- Cur chuige forghníomhach a ghlacadh maidir le caitheamh bruscair, dumpáil mhídhleathach agus dó ar chúl an tí.
- A chinntiú go gcuirtear dramhaíl atá le bailiú i láthair ar shlí a éilíonn an tÚdarás Áitiúil/an bailitheoir dramhaíola agus atá de réir aon Fho-Dhlíthe a bhaineann le dramhaíl.
- A chinntiú gur bailitheoir dramhaíola ceadaithe a bhailíonn an dramhaíl.

Ní mór an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas maidir le cúrsaí dramhaíola agus ní mór go dtuigfidís an gá atá le saoráidí infrastruchtúir dramhaíola, lena n-áirítear ionaid athchúrsála, líonadh talún, agus saoráidí losctha. Is féidir leis an bpobal a bheith rannpháirteach i scéimeanna deonacha agus i scéimeanna pobail ar nós an scéimeanna a imlínítear i 17.4.

18.3 INSTITIÚIDÍ OIDEACHAIS

Is féidir le bunscoileanna, meánscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal tionchar dearfach a bheith acu ar bhainistiú dramhaíola trí dhea-chleachtas bhainistiú dramhaíola a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Cuirfear é sin i gcrích trí:

- Bhunscoileanna agus trí mheánscoileanna a bheith rannpháirteach i gClár na Scoileanna Glasa.
- Fheachtais Frith-Bhruscair.
- Chláir Thaighde agus Forbartha tríú leibhéal.
- Chláir Inmheánacha um Laghdú agus Athchúrsáil Dramhaíola.
- Eolas a scaipeadh.

18.4 GRÚPAÍ DEONACHA AGUS GRÚPAÍ POBAIL

Voluntary and community groups can also play an important role in delivering good waste management in the community. Tá roinnt scéimeanna difriúla ann inar féidir le grúpaí pobail oibriú leis na hÚdaráis Áitiúla (go háirithe leis an Oifigeach Feasachta Dramhaíola) agus le comhlachtaí náisiúnta eile (m.sh. le An Taisce, Dúchas) chun feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola ina dtimpeallacht áitiúil. Is féidir leis na grúpaí seo cur isteach ar mhaoiniú freisin do chláir den sórt sin. Áirítear ar na scéimeanna:

- Comórtas na mBailte Slachtmhara
- Scéim maidir le Banc Tabhartha a ghlacadh
- Mí Glantacháin Earraigh
- Feachtais Bhailiúcháin Ghlantacháin
- Ciste Chomhpháirtíochta Comhshaoil *Local Agenda 21*

18.5 GNÓ AGUS TIONSCAL

Táirgíonn gnólachtaí agus tionscail go leor dramhaíola freisin agus mar gheall air sin ní mór dóibh freagracht a ghlacadh as an dramhaíl a chruthaíonn siad agus a chinntiú go mbainistítear a ndramhaíl i gceart. Áirítear ar na rólanna agus ar na freagrachtaí:

- A chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht agus scéimeanna faoi cheannas an tionscail –i.e REPAK agus NCDWC.
- An doiciméadacht agus na ceadanna cearta a chinntiú maidir le dramhaíl a iompar.
- Deighilt ag an bhfoinse agus dramhaíl inathchúrsáilte a chur i láthair de réir Fho-Dhlíthe agus treoracha arna n-eisiúint ag bailitheoirí dramhaíola.

- Sárchleachtas a bheith i gceist i dtéarmaí dramhaíl a bhainistiú san áit oibre, lena n-áirítear cosc, íoslaghdú, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola.
- Cláir fála glasa a chur i bhfeidhm.
- Tacú go hiomlán le cláir a leathann an rialtas lárnach agus an rialtas áitiúil agus comhlachtaí faoi cheannas an tionscail, amach.
- Tionscadail ar nós malartán dramhaíola ar líne ar féidir ábhair nach bhfuil úsáid iontu níos mó do chuideachtaí a mhalartú le gnólachtaí eile saor in aisce, a fhorbairt.

18.6 AN TIONSCAL DRAMHAÍOLA PRÍOBHÁIDEACH

Tá bailitheoirí dramhaíola, saoráidí agus conraitheoirí dramhaíola san áireamh sa tionscal dramhaíola príobháideach. Tá ról tábhachtach ag an tionscal maidir le dea-chleachtas, comhlíonadh, agus forbairt infrastruchtúir bhainistiú dramhaíola a chinntiú. Áirítear ar a rólanna agus ar a bhfreagrachtaí:

- An córas bailithe, ceadaithe agus ceadúnaithe dramhaíola a chomhlíonadh go hiomlán (ar nós cur i bhfeidhm córas bailithe deighilte agus muirir bunaithe ar úsáid).
- Tionscnaimh bhainistiú dramhaíola (leathnú na n-ionad athchúrsála agus aisghabhála, infheistíocht i saoráidí nua, rochtain ar roghanna cóireála do dhramhaíl iarmharach) a chur chun cinn agus cur leis an eolas agus leis an bhfeasacht maidir leo.
- Seirbhísí agus infrastruchtúr bhainistiú dramhaíola a fhorbairt.
- Na Teicneolaíochtaí is Fearr atá ar Fáil a úsáid.
- Riachtanais an Phlean Dramhaíola a chur i bhfeidhm ag teacht le prionsabail an ordlathais dramhaíola.
- Obair a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil chun dramhaíl neamhbhailithe sa chontae a laghdú agus chun seirbhísí bailithe dramhaíola leordhóthanacha a chur ar fáil.
- Faisnéis chruinn agus iomlán (Sonraí Dramhaíola) a thuairisciú chuig an Údarás Áitiúil agus chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, mar a éilítear.

18.7 AN tÚDARÁS ÁITIÚIL

Tá ról tábhachtach ag an Údarás Áitiúil maidir le bainistiú dramhaíola ar fud an Chontae mar gheall gurb é an t-údarás áitiúil a rialaíonn, a fhorfheidhmíonn an bainistiú dramhaíola, is é a chuireann seirbhísí ar fáil agus is ón údarás áitiúil a fhaightear eolas agus oideachas maidir le bainistiú dramhaíola. Go bunúsach, is í Comhairle Chontae Dhún na nGall atá freagrach as an bplean bhainistiú dramhaíola a chur i bhfeidhm agus as rathúlacht chur i bhfeidhm, polasaithe agus cláir an phlean a mheasúnú. Áirítear pleanáil, cosc, rialáil, forfheidhmiú dramhaíola agus infrastruchtúr dramhaíola a chur ar fáil ar rólanna díreacha an údaráis áitiúil. Is iad na freagrachtaí sin:

- A chinntiú go ndéanfar dramhaíl a bhainistiú mar atá léirithe sa Phlean Bhainistiú Dramhaíola.
- A chinntiú go socrófar córais agus infrastruchtúr ionas go gcloífear leis an bPlean Bhainistiú Dramhaíola.
- Rialacháin dramhaíola Náisiúnta agus AE a fhorfheidhmiú trí úsáid a baint as fo-dhlíthe áitiúla.
- A chinntiú go ndéanfar an próiseas ceadaithe a riaradh i gceart.
- Oideachas, tionscnaimh agus feasacht maidir le bainistiú dramhaíola a chur chun cinn.
- Sonraí dramhaíola a bhailiú agus a fhíorú agus faisnéis a thuairisciú chuig an nGníomhaireacht mar a éilítear.

Áirithe ar ghníomhartha agus ar thionscnaimh a bhféadfadh an t-údarás áitiúil dul ina mbun:

- Polasaithe fála glasa a fhorbairt tuilleadh.
- Cláir feabhsaithe agus cláir a bhíonn níos dírithe ar chosc agus a bhaineann le cur le feasacht, a fhorbairt.
- Modhanna nua agus nuálacha maidir le cosc dramhaíola a iniúchadh.
- Obair a dhéanamh le gnólachtaí áitiúla agus idirchaidreamh a bheith leo maidir le dramhaíl a chosc agus a laghdú.
  (Clár Comhshaoil RTDI 2000-2006)

Tá roinnt clár agus scéimeanna inar féidir le hÚdaráis Áitiúla obair a dhéanamh leis an bpobal, le scoileanna, le grúpaí pobail agus le gnólachtaí chun bainistiú dramhaíola ina gceantar a fheabhsú. Áirítear ar scéimeanna den sórt sin:

- Ciste Chomhpháirtíochta Comhshaoil *Local Agenda 21.*
- Scéim Deontais Oideachais/Feasachta Frith-Bhruscair Údarás Áitiúil.
- Clár na Scoileanna Glasa.
- Scéim Ainmnigh agus Náirigh do chaitheamh bruscair/do dhumpáil mhídhleathach.
- Scéim *Pooper Scooper.*

Is comhalta de Ghrúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt í Comhairle Chontae Dhún na nGall agus mar sin bíonn baint ag an gComhairle Contae le féachaint ar thionscnaimh tras-teorann agus deiseanna a aimsiú a d'fhéadfadh a bheith ann do ghluaiseacht idir-réigiúnach agus tras-teorann dramhaíola lena hathchúrsáil.

Tá Oifigeach Rialála Dramhaíola agus Oifigeach Cúnta Rialála Dramhaíola fostaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun rialáil agus forfheidhmiú dramhaíola a chur i bhfeidhm sa chontae. Áirítear déileáil le Fo-Dhlíthe Dramhaíola, le ceadanna Bailithe, le Rialacháin Phacáistithe, le Plaistigh Feirme, le Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola-Ceadanna, leis an Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha, leis an Acht um Thruailliú Bruscair, le TFS agus C1, le Bailiú Sonraí agus le Tuairisciú Dramhaíola ar a gcuid rólanna. Tá Oifigeach Athchúrsála agus Oifigeach Feasachta Dramhaíola fostaithe ag an

gComhairle Contae chomh maith chun saincheisteanna a bhaineann le hathchúrsáil, le cosc agus le híoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn agus chun daoine a chur ar an eolas maidir leo.

18.7.1 Saincheisteanna Amach Anseo maidir le Rólanna & Freagrachtaí an Údaráis Áitiúil

Ba chóir go mbeadh cuspóirí agus moltaí an phlean bhainistiú dramhaíola soiléir agus go dtuigfeadh an fhoireann go léir laistigh den Rannóg Comhshaoil iad agus ba chóir níos mó béime a chur ar chumarsáid agus ar thuiscint idir na réimsí éagsúla laistigh den Rannóg Comhshaoil. Tá gá le modhanna rialála agus forfheidhmithe a fhorbairt tuilleadh má tá cuspóirí an phlean le comhlíonadh.

Tá roinnt saincheisteanna ann i ndáil le rialáil agus forfheidhmiú a thiocfaidh chun cinn amach anseo agus áirítear orthu sin:

- **Foireann agus Acmhainní**
  B'fhéidir go mbeadh gá le foireann bhreise agus acmhainní breise le rialacháin a chur i bhfeidhm, le cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus i dtéarmaí bailiúcháin sonraí. B'fhéidir go mbeadh ar an gComhairle Contae féachaint ar líon na maor bruscair agus na n-oifigeach forfheidhmithe a mhéadú.

- **Oiliúint**
  Beidh gá le hoiliúint agus le hoideachas don fhoireann ionas go bhféadfaidh an fhoireann dul i mbun a rólanna agus a bhfreagrachtaí go hiomlán.

- **Feasacht agus Oideachas**
  B'fhéidir go mbeadh gá le níos mó clár feasachta agus oideachais chun na hearnálacha ar fad a chur ar an eolas, lena n-áirítear líonta tí, an earnáil tionscail, scoileanna agus an earnáil talmhaíochta.

- **Ionchúisimh a Bhaintear Amach**
  Déanfaidh taifeadadh cruinn ar líon na n-ionchúiseamh a bhaintear amach sonraí bhainistiú dramhaíola agus dul chun cinn maidir le feidhmiú na Comhairle i dtéarmaí rialála agus forfheidhmithe, a chomhdhlúthú.

18.8 AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freagrach as ceadúnú comhshaoil agus as dlí comhshaoil a fhorfheidhmiú sa réimse bhainistiú dramhaíola. Áirítear ar fhreagrachtaí eile a bhaineann go díreach le dramhaíl:

- An Plean Náisiúnta Bhainistiú Dramhaíola Guaisí a fhorfheidhmiú.
- Bunachar Sonraí Náisiúnta Dramhaíola a fhoilsiú.

- Saoráidí bhainistiú dramhaíola ar scála mór a cheadúnú.
- Ceadúnais Dramhaíola a fhorfheidhmiú.
- Sárchleachtas comhshaoil a chur chun cinn trí Chlár Táirgthe níos Glaise agus níos Glaine.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil sa bhliain 2003 chun:

- Comhlíonadh foriomlán le reachtaíocht um chaomhnú comhshaoil a fheabhsú.
- Feabhas a chur ar chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ceadúnas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.
- Dul i mbun gnímh nuair nach mbíonn a bhfeidhmeanna comhshaoil á n-urscaoileadh ag Údaráis Áitiúla ar shlí leordhóthanach.
- Líonra Forfheidhmithe a bhunú chun caighdeán forfheidhmithe níos airde agus níos comhcheasmhaigh a bhaint amach ar fud na tíre.

Cuireann an Líonra Forfheidhmithe malartú eolais agus taithí chun cinn, maidir le reachtaíocht comhshaoil in Éirinn a fhorfheidhmiú, agus cuireann sé creat oibre ar fáil do lucht déanta polasaí, do chigirí comhshaoil agus d'oifigigh forfheidhmithe chun smaointe a mhalartú, agus spreagann sé forbairt struchtúr forfheidhmithe agus sárchleachtas.

Tá roinnt grúpaí oibre laistigh den OEE. Tá ionadaíocht ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ar an Líonra um Fhorfheidhmiú Dramhaíola Pacáistithe, ar an nGrúpa Oibre um Dhramhaíl Neamhúdaraithe, ar an Líonra um Plaisteach Feirme agus ar Dhramhaíl a Sheoladh Trasteorann.

Faoi láthair, tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag beartú líne teileafóin faoi rún a bhunú, a ligfidh do dhaoine den phobal gníomhaíochtaí dumpála mídhleathach a thuairisciú. Ciallóidh sé sin go bhféadfar monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dumpála mídhleathach agus go bhféadfar iad a bhainistiú agus a thuairisciú. Bunófar an líne teileafóin le haghaidh tréimhse trialach de shé mhí agus oibreofar í i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus An Garda Síochána.

18.9 AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL

Is é ról na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil "forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil tríd an gcomhshaol agus oidhreacht a chosaint, infrastruchtúr a sholáthar, fhorbairt chothrom réigiúnach agus rialtas áitiúil maith" (Ráiteas Misin 2003-2005). Dá bhrí sin, is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil atá freagrach ar deireadh as bainistiú dramhaíola ar leibhéal náisiúnta. Tá an roinn freagrach as na rólanna seo a leanas chun na cuspóirí sin a bhaint amach:

- Creataí oibre reachtúla, polasaithe agus cláir a bhaineann le híoslaghdú agus le bainistiú dramhaíola a chur ar fáil agus a chothabháil.

- Tionscnaimh chomhpháirtíochta poiblí príobháidí leis na hÚdaráis Áitiúla, leis an earnáil tráchtála agus thionsclaíoch agus le grúpaí pobalbhunaithe, a chur chun cinn.
- Leanúint le tionscnaimh pholasaí ar nós tionscnamh freagrachta táirgeoirí agus feidhmiú an phrionsabail go n-íocann an truaillitheoir.
- Na treoirlínte a leanúint, mar atá leagtha amach i ndoiciméid pholasaí náisiúnta ar nós *Changing Our Ways* agus *Preventing and Recycling Waste: Delivering Change.*
- An Straitéis Náisiúnta ar Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe a chur i bhfeidhm.

19 FEIDHMIÚ IN IMEACHT THRÉIMHSE AN PHLEAN

19.1 RÉAMHRÁ

Is do bainistiú dramhaíola don chéad chúig bliana eile amach romhainn atá Plean Bhainistiú Dramhaíola Dhún na nGall forbartha. Is iad Comhairle Chontae Dhún na nGall a thabharfaidh faoi na spriocanna agus na cuspóirí sa Phlean seo a fheidhmiú, agus beidh ionchur ó sheirbhísí na hearnála príobháidí fíorthábhachtach do sheachadadh rathúil an Phlean Bhainistiú Dramhaíola, go háirithe maidir le bailiú dramhaíola agus athchursáil ar cholbha an bhóthair.

19.2 SPRIOCANNA

Leagann na spriocanna agus na cuspóirí a shonraítear i gCaibidil 15 agus i gCaibidil 16 an cur chuige ar ghníomhaíochtaí bhainistiú dramhaíola do ré an Phlean seo amach. Léiríonn Tábla 19.1 an fráma ama ina gcaitear na spriocanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach agus léiríonn Tábla 19.2 na riachtanais infrastruchtúir thar shaolré an Phlean.

Is í Comhairle Chontae Dhún na nGall atá freagrach as feidhmiú an Phlean agus ba chóir aird a thabhairt ar na tosaíochtaí seo a leanas:

- Foirniú leordhóthanach & acmhainní leordhóthanacha do rialáil, athchúrsáil, feasacht agus forbairt infrastruchtúir.
- Cuspóirí bliantúla a leagan amach d'fhonn feabhsúcháin ar sheirbhís a sheachadadh.
- Maoiniú leordhóthanach do thionscadail & do chláir éagsúla a aimsiú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an phlean ar bhonn rialta.
- Freagairt d'imthosca a bhíonn ag athrú ar nós riachtanas reachtaíochta.

19.3 TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Tá sraith táscairí seirbhíse d'Údaráis Áitiúla, '*Delivering Value for People – Service Indicators in Local Authorities*' foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG). Mhol an doiciméad polasaí '*Taking Stock and Moving Forward*' freisin go dtabharfadh údaráis áitiúla faoi mheasúnuithe rialta a dhéanamh ar rathúlacht fheidhmiú an phlean bhainistiú dramhaíola.

Áirítear ar Tháscairí Seirbhíse mar a shonraítear iad i bhfoilseachán an DoEHLG:

- % de líonta tí a bhfuil bailiúchán dramhaíola deighilte acu
- % de dhramhaíl tí a ndéantar a athchúrsáil
- % de dhramhaíl tí a chuirtear chuig líonadh talún
- Saoráidí athchúrsála
- Cosc ar Bhruscar
- Forfheidhmiú

19.4 TUAIRISCIÚ GO BLIANTÚIL

Caithfidh sealbhóirí cheada bailithe dramhaíola agus sealbhóirí cheada dramhaíola Tuarascálacha Comhshaoil Bliantúla (AERanna) a chur isteach chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall. Caithfidh na heagraíochtaí sin a roghnaíonn féin-chomhlíonadh a dhéanamh faoi na Rialacháin Phacáistithe tuarascálacha a chur isteach chuig an gComhairle freisin. Déanann Comhairle Chontae Dhún na nGall tuairisc ar na torthaí sin chuig an EPA mar chuid de na Tuairisceáin Bhunachar Sonraí Náisiúnta gach bliain.

Molann doiciméad polasaí an Rialtais 2004, '*Taking Stock and Moving Forward*', gur chóir d'údaráis áitiúla tuarascáil bhliantúil a ullmhú laistigh den trí mhí dheiridh de gach bliain d'fhonn dul chun cinn fheidhmiú an phlean a thabhairt cothrom le dáta. Tabharfaidh sin deis comhordú níos mó a dhéanamh ar an bplean agus cuirfidh sé leis an bpictiúr foriomlán ar bhainistiú dramhaíola. Tá treoirlínte ar fhoirm agus ábhar na dtuarascálacha bliantúla le cur faoi bhráid na n-údarás áitiúil.

19.5 PRIONSABAL AN GHAOBHAIR

I dtéarmaí bhainistiú dramhaíola, ciallaíonn Prionsabal an Ghaobhair gur chóir dramhaíl a bhainistiú chomh gar agus is féidir dá háit táirgthe. Seachnófar leis sin dramhaíl a iompar thar achar fada agus laghdófar leis tionchair thaistil, i dtéarmaí costais agus i dtéarmaí sláinte & sábháilteachta araon.

19.6 AN PRIONSABAL GO N-ÍOCANN AN TRUAILLITHEOIR

Deir an Prionsabal go nÍocann an Truaillitheoir gur chóir don truaillitheoir costas na mbeart chun truailliú a laghdú a íoc de réir mhéid an damáiste a dhéanfar nó de réir an leibhéil inghlactha (caighdeánach) truaillithe a shárófar. Maidir le bainistiú dramhaíola, is éard atá i gceist go mbeadh tairgeoirí dramhaíola freagrach go dlíthiúil agus ó thaobh airgeadais as dramhaíl, go mbeadh siad freagrach as diúscairt slán dramhaíola ó thaobh an chomhshaoil agus as láimhseáil slán dramhaíola agus go gcruthófaí dreasachtaí le haghaidh níos lú dramhaíola a tháirgeadh.

19.7 COMHAIRLIÚCHÁN AG LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

Déanfaidh comhairliúchán le comhlachtaí náisiúnta ar bhainistiú dramhaíola ráthúlacht an bhainistithe dramhaíola a chinntiú tuilleadh agus cinnteoidh sé go bhfeidhmeofar polasaithe agus rialacháin ag leibhéal áitiúil. Cinnteoidh sé freisin go mbeidh baint ag Dún na nGall le margaí do tháirgí inathchúrsáilte a fhorbairt, lena n-áirítear ábhair inathchúrsáilte tógála agus scartála, ábhair inathchúrsáilte tirime, bithdhramhaíl agus tionscnaimh fhreagrachta an táirgeora a fhorbairt agus a bheith páirteach iontu. Beidh tábhacht freisin ag rannpháirtíocht i bhfeachtais náisiúnta oideachais agus feasachta, maidir le straitéisí coisc agus íoslaghdaithe don Chontae a chur chun cinn.

19.8 COMHAIRLIÚCHÁN TRAS-TEORANN

Is comhalta í Comhairle Chontae Dhún na nGall de Ghrúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt, atá comhdhéanta de seacht gcomhairle ó Iarthuaisceart Thuaisceart Éireann agus Dún na nGall. Tá ceanglas reachtúil ar an ngrúpa de sheacht gComhairle ó Thuaisceart Éireann athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Bhainistiú Dramhaíola ar glacadh leis sa bhliain 2003. Bhí na mionathruithe don phlean seo ina n-ábhair chomhairliúcháin poiblí ar feadh 8 seachtainí agus chríochnaigh an comhairliúchán Dé Máirt, an 2^{ú} Bealtaine 2006.

Tionóladh cruinnithe poiblí cheana féin laistigh de gach limistéar Comhairle inar tugadh imlíne ar na príomhbhearta a dhíríonn ar chúnamh a thabhairt do na Comhairlí a spriocanna a chomhlíonadh. Is iad sin cosc dramhaíola; athchúrsáil agus múiríniú; aisghabháil ábhar, aisghabháil fuinnimh agus diúscairt chuig líonadh talún. Tá an cur chuige foriomlán beartaithe lena chinntiú go mbeidh diúscairt chuig líonadh talún mar rogha deiridh i Réigiún an Iarthuaiscirt.

Rinne poiblíocht ar Phlean Bhainistiú Dramhaíola an NWRWMG i mí an Mheithimh 2006. Lorgófar soiléireacht bhreise maidir le naisc le Grúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt (NWRWMG).

Tábla 19.1 Clár Ama do Spriocanna a Chur i bhFeidhm

	C&D	WEEE	Pacáistiú	Dramhaíl Ghuaiseach	Boinn	Sloda	EOLVanna	Dramhaíl Neamhbhailithe	Dramhaíl Bailithe	Cosc/ Íoslaghdú
2006	Leanúint de chead a thabhairt do Bhailitheoirí C&D agus do láithreáin Aisghabhála. Feachtais Oiliúna agus Oideachais a chur ar fáil. Scéim a chur i bhfeidhm tríd an tionscnamh freagracht an táirgeora tríd an NCDWC.	Cinntiú go nglacfaidh gach Láithreán Áiseanna Cathartha le WEEE.	50-65% de réir meacháin a aisghabháil. 25-45% den mhéid sin a athchúrsáil. Gach príomh-tháirgeoir a aithint.	Leanúint den tSeirbhís Chemcar a chur ar fáil. Dramhaíl Ghuaiseach Tí a bhailiú ag láithreáin Áiseanna Cathartha.	Tacú le Freagracht an Táirgeora.	An Plean Sloda Athsholáthair a ullmhú.	Ráta 85% Athúsáide & aisghabhála a bhaint amach. Ráta 80% aisghabhála & athchúrsála EOLV.	Suirbhé ar Líonta Tí nach mbaineann úsáid as bailiúchán dramhaíola. Tacú le tionscadail Phobalbhunaithe a thógfaidh cuid den sruth dramhaíola neamhbhailithe.	Staidéir ar chomhdhéanamh Dramhaíola a dhéanamh	Láithreán Gréasáin na Comhairle a thabhairt cothrom le dáta. Sraith Seimineár don phobal gnó. Leanúint d'Fheachtais Fheasachta & Oideachais.
2007				Clár Alt 26 a chur le chéile.				Spriocanna a leagadh amach d'íoslaghdú i ndramhaíl neamhbhailithe. Tabhairt isteach Fodhlíthe a bhreithniú.		
2008								Feachtais Fheasachta agus Fhorfheidhmithe ar dhumpáil mhídhleathach agus ar dhó ar chúl an tí.		Méadaigh an líon Múiríneoirí Tí a dháiltear faoi 10% in aghaidh na bliana.
2009										
2010	Athchúrsáil 50% ar dhramhaíl C&D.									

Tábla 19.2 Clár Ama d'Infrastruchtúr a Chur i bhFeidhm

	Láithreáin Áiseanna Cathartha agus Bainc Thabhartha	Bailiú ar Cholbha an Bhóthair	Saoráid Dramhaíola Orgánaí	Saoráidí Eile	Líonta Talún Dúnta	Líonadh Talún
Freagracht	*Comhairle Chontae Dhún na nGall*	*Bailitheoirí Dramhaíola*	*Príobháideach*	*Príobháideach/ Comhairle Chontae Dhún na nGall*	*Comhairle Chontae Dhún na nGall*	*Comhairle Chontae Dhún na nGall*
2006	4 i bhfeidhm	Seirbhís bhailithe dramhaíola orgánaí chuig 10% de na Líonta Tí. Seirbhís bhailithe dramhaíola MDR chuig 60% de na Líonta Tí.	Tacú le forbairt bhreise ar shaoráidí dramhaíola orgánaí san earnáil phríobháideach.	Athbhreithniú a dhéanamh ar an deis do shaoráid Aistrithe Dramhaíola sa Chontae d'ábhar inathchúrsáilte a bhailítear ó cholbhaí agus do láithreáin Áiseanna Cathartha.	Oibreacha Leighis ar Líonadh Talún Drumabodan. Fardal d'iar-Láithreáin Diúscartha Dramhaíola a ullmhú.	Céim 2 de Shíneadh Líonadh Talún ag Baile na Carraige a fhorbairt. Láithreán a roghnú d'acmhainneacht líonadh talún amach anseo.
2007	6 i bhfeidhm	Dramhaíl orgánach – Clúdach 15% MDR - Clúdach 70%		Tacú le forbairt ar áiseanna MBT sa Chontae.	Oibreacha Leighis ar láithreáin Líonadh Talún Balbane agus Churchtown.	Ceaduithe Reachtúla d'Acmhainneacht Líonadh Talún a ullmhú.
2008	8 i bhfeidhm	Dramhaíl orgánach - Clúdach 20% MDR - Clúdach 80%				
2009		Dramhaíl orgánach - Clúdach 30% MDR - Clúdach 90%		An deis rochtain a fháil ar Aisghabháil Fuinnimh i Réigiúin Phleanála Dramhaíola in aice láimhe a aithint.		
2010	Méadaigh de réir a chéile chuig 67 mBanc Tabhartha san iomlán.	Dramhaíl orgánach - Clúdach 40% MDR - Clúdach 100%				An Acmhainneacht Líonadh Talún sa Chontae a fhorbairt.